



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

an 21 Nollaig 2023*

Clár

I.	Cúlra na díospóide	4
A.	ISU	4
B.	Na rialacha arna leagan síos ag ISU	5
1.	Na rialacha maidir le réamhúdarú	5
2.	Na rialacha maidir le hincháilitheacht	5
C.	An nós imeachta riaracháin agus an cinneadh atá faoi chonspóid	6
D.	An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi chonspóid	8
II.	Ráiteas faoi na hordaithe atá á lorg ag na páirtithe	10
III.	An t-achomharc	11
A.	An chéad fhoras achomhairc	11
1.	Argóintí na bpáirtithe	11
(a)	An chéad chuid	12
(b)	An dara cuid	13
(c)	An tríú cuid	14
2.	Measúnú na Cúirte	16
(a)	Infheidhmeacht Airteagal 101 CFAE maidir leis an spórt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch	16
(b)	Airteagal 101(1) CFAE	18

* Teanga an Cháis: an Béarla

(1) Maidir le hiompar a aithint arb é a ‘chuspóir’ nó a ‘éifeacht’ ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE	18
(i) Maidir lena aithint gurb ann d’iompar arb é a ‘chuspóir’ ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh	18
(ii) Maidir lena aithint gurb ann d’iompar arb é a ‘éifeacht’ ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh	20
(2) An fhéidearthacht a mheas go dtagann iompar sonrach áirithe lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE	20
(c) An sárú a fuarthas sa chás seo	21
(d) Maidir le hiompar a bheith ann sa chás seo arb é a ‘chuspóir’ ná an iomaíocht a shrianadh	23
(1) Maidir le hinfheidhmeacht an chásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 1 Iúil 2008, MOTOE (C-49/07, EU:C:2008:376), agus an 28 Feabhra 2013, Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas (C-1/12, EU:C:2013:127) sa chás seo.	23
(2) Maidir leis an iompar atá i gceist sa chás seo a aithint	25
B. An dara foras achomhairc	28
1. Argóintí na bpáirtithe	28
2. Measúnú na Cúirte	29
IV. An crosachomharc	29
A. An chéad fhoras achomhairc	30
1. Argóintí na bpáirtithe	30
2. Measúnú na Cúirte	33
(a) Inghlacthacht agus éifeachtacht an fhorais achomhairc	33
(b) Substaint an cháis	34
B. An dara foras achomhairc	38
1. Argóintí na bpáirtithe	38
2. Measúnú na Cúirte	39
V. An chaingean i gCás T-93/18.	39
A. Argóintí na bpáirtithe	40
B. Measúnú na Cúirte	40

VI. Costais	42
-------------------	----

(Achomharc – Iomaíocht – Rialacháin arna mbunú ag cumann idirnáisiúnta spóirt – Scátáil oighir – Eintiteas arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil cumhachtaí rialaithe, maoirseachta, cinnidh agus smachtbhanna aige – Rialacha a bhaineann le réamhúdarú comórtais agus rannpháirtíocht lúthchleasaithe sna comórtais sin chomh maith le coinbhleachtaí a shocrú le headráin – Feidhmiú comhthreomhar gníomhaíochtaí eacnamaíocha – Eagrú agus margú comórtas – Airteagal 101(1) CFAE – Cinneadh ó chomhlachas de ghnóthais a dhéanann dífear don iomaíocht – Na coincheapa ‘cuspóir’ agus ‘éifeacht’ fhrithiomaíoch – Bonn cirt – Coinníollacha)

I gCás C-124/21 P,

Achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 26 Feabhra 2021,

International Skating Union, atá bunaithe in Lausanne (an Eilvéis), dá ndéanann J.-F. Bellis, avocat,

iarratasóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

An Coimisiún Eorpach, dá ndéanann G. Meessen, F. van Schaik, H. van Vliet agus C. Zois, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

Mark Jan Hendrik Tuitert, atá ina chónaí in Hoogmade (an Ísiltír),

Niels Kerstholt, atá ina chónaí in Zeist (an Ísiltír),

European Elite Athletes Association, atá bunaithe in Amstardam (an Ísiltír), dá ndéanann B. J. H. Braeken, T. C. Hieselaar agus X. Y. G. Versteeg, advocaten,

idiragraithe ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, K. Jürimäe agus O. Spineanu–Matei, Uachtaráin Dhlísheomra, J.–C. Bonichot, M. Safjan, L. S. Rossi, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen, N. Wahl, J. Passer (Rapóirtéir) agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus tar éis éisteacht an 11 Iúil 2022,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 15 Nollaig 2022,
an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Lena achomharc, féachann an International Skating Union (an tAontas Idirnáisiúnta Scátála, ‘ISU’) le breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 16 Nollaig 2020, *International Skating Union v an Coimisiún* (T-93/18, ‘an breithiúnas atá faoi chonspóid’, EU:T:2020:610) a chur ar neamhní go páirteach, lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do chuid dá chaingean le haghaidh neamhniú maidir le Cinneadh C(2017) 8230 final ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2017 maidir le himeacht faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT/40208 – Rialacha Incháilitheachta an Aontais Idirnáisiúnta um Scátáil Oighir) (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’).
- 2 Trína gcrosachomharc, féachann Mark Jan Hendrik Tuitert, Niels Kerstholt agus European Elite Athletes Association (Comhlachas Eorpach na Lúthchleasaithe ‘EU Athletes’) leis an mbreithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach freisin.

I. Cúlra na díospóide

- 3 Féadfar achoimre a dhéanamh mar a leanas ar na fíorais ónar eascair an díospóid, mar a leagtar amach i míreanna 1 go 37 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid iad.

A. ISU

- 4 Is comhlachas dlí phríobháidigh é ISU a bunaíodh san Eilvéis. Cuireann sé é féin i láthair mar an t-aon chónaidhm spóirt idirnáisiúnta atá aitheanta ag an gCoiste Idirnáisiúnta Oilimpeach (CIO) i réimse na scátála fíoraí agus na luas-scátála oighir (‘scátáil oighir’). Áirítear lena chomhlachtaí ‘údarás reachtach’ ar a dtugtar ‘an Chomhdháil’, arb é ‘an t-údarás is uachtaraí’ é, agus ‘údarás feidhmiúcháin’ ar a dtugtar ‘an Chomhairle’.
- 5 Is comhlachais náisiúnta iad comhaltaí an chumainn sin le haghaidh scátáil fhíorach agus luas-scátáil oighir, a bhfuil comhlachais agus clubanna comhaltaí nó cleamhnaithe acu féin lena mbaineann, *inter alia*, lúthchleasaithe gairmiúla a chleachtann na spóirt sin le linn gníomhaíocht eacnamaíoch.
- 6 De réir Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(1) dá Reacht comhlachais, dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid, is atá mar aidhm ag ISU ná scátáil oighir a rialáil, a riar, a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud an domhain.
- 7 Ag an am céanna, déanann sé gníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti, *inter alia*, comórtais idirnáisiúnta scátála oighir a eagrú agus leas a bhaint as na cearta a bhaineann leis na comórtais sin. I réimse na luas-scátála oighir, áirítear, *inter alia*, Corn Domhanda na Luas-Scátála agus Corn Domhanda na Luas-Scátála ar Ghearr-Raon chomh maith le craobhchomórtais éagsúla idirnáisiúnta agus Eorpacha. Tá ISU freagrach freisin as comórtais scátála oighir a eagrú i gcomhthéacs na gCluichí Oilimpeacha Geimhridh.

B. Na rialacha arna leagan síos ag ISU

- 8 D'eisigh agus d'fhoilsigh ISU rialacha, cóid agus fógraí, lena n-áirítear na rialacha seo a leanas.

1. Na rialacha maidir le réamhúdarú

- 9 An 20 Deireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh ISU Teachtaireacht Uimh. 1974 dar teideal 'Comórtais Idirnáisiúnta Oscailte', ina leagtar amach an nós imeachta atá le leanúint chun réamhúdarú a fháil chun comórtas idirnáisiúnta scátála oighir a eagrú agus atá infheidhme maidir le comhlachais náisiúnta ar comhaltaí iad de ISU agus maidir le haon eintiteas nó gnóthas tríú páirtí ('na rialacha maidir le réamhúdarú').
- 10 Luaitear sa teachtaireacht sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil eagrú na gcomórtas sin faoi réir údarú roimh ré ó ISU agus nach mór dó na rialacha atá leagtha síos ag an gcomhlachas sin a chomhlíonadh. Luaitear ann, go háirithe, i ndáil leis sin, gurb ionann an tréimhse atáthar le cloí leis chun iarratas ar réamhúdarú a chur isteach ná sé mhí roimh an dáta a bheidh an comórtas atá beartaithe le reáchtáil i gcás ina bhfuil sé beartaithe go n-eagróidh tríú heintiteas nó gnóthas é, agus trí mhí roimh an dáta sin i gcás ina mbeidh comhlachas náisiúnta ar comhalta de ISU é á eagrú.
- 11 Ansin, liostaítear sa chumarsáid sin sraith de cheanglais ghinearálta, airgeadais, theicniúla, tráchtála, spóirt agus eiticiúla nach mór d'aon eagraí comórtais scátála oighir cloí leo. Dá bhrí sin, go háirithe, ní mór faisnéis airgeadais, theicniúil, tráchtála agus spóirt a bheith ag gabháil le haon iarraidh ar réamhúdarú (suíomh an chomórtais atá beartaithe, méid na nduaiseanna atá le bronnadh, plean gnó, buiséad, clúdach teilifíse, etc.), go gceanglaítear ar aon eagraí ráiteas a chur isteach lena ndeimhnítear go nglacann sé le cód eitice ISU agus go bhféadfaidh ISU a iarraidh go gcuirfear faisnéis bhreise faoina bhráid maidir leis na gnéithe éagsúla sin.
- 12 Ar deireadh, tugann Teachtaireacht Uimh. 1974 cumhacht don ISU iarratais ar údarú roimh ré a chuirtear faoina bráid a ghlacadh nó a dhiúltú, trí chinneadh, ar bhonn na gceanglas a leagtar amach sa teachtaireacht sin féin agus na bunchuspóirí atá á saothrú ag an gcomhlachas seo, mar atá sainmhínithe, go háirithe, in Airteagal 3(1) dá reachtanna. Forálann an teachtaireacht sin freisin, i gcás ina ndiúltaítear d'iarratas den sórt sin, go bhféadfaidh an t-eagraí achomharc i gcoinne chinneadh an ISU a thaisceadh os comhair na Cúirte Eadrána Spóirt ('CES'), arna bunú in Lausanne (an Eilvéis), i gcomhréir leis na rialacha atá glactha ag an ISU d'fhonn sásra a bhunú chun díospóidí a eadránú ('na Rialacha Eadrána' anseo feasta).

2. Na rialacha maidir le hincháilitheacht

- 13 Áirítear i Rialacháin ISU rialacha dá ngairtear 'Rialacha maidir le hincháilitheacht', lena gcinntear na coinníollacha faoina bhféadfaidh lúthchleasaithe páirt a ghlacadh i gcomórtais scátála oighir. Foráiltear leis na rialacha incháilitheachta sin nach mór na comórtais sin a bheith údaráithe ar dtús ag ISU nó ag a bhaill agus, den pháirt eile, na rialacha atá leagtha síos ag an gcomhlachas sin a chomhlíonadh.
- 14 Sa leagan a glacadh in 2014, áiríodh leis na rialacha incháilitheachta sin, *inter alia*, Rial 102(1)(a)(i), ar dá réir a bheidh sé de phribhléid ag duine 'a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus i gcomórtais laistigh de dhlínse ISU ach amháin má chomhlíonann an duine sin prionsabail agus beartais ISU mar a chuirtear in iúl iad ina [reachtanna] agus i Rial

- 102(1)(a), (ii), inar luadh ‘go bhfuil an ceanglas incháilitheachta deartha chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do leasanna eacnamaíocha agus leasanna eile ISU, a úsáideann a ioncam airgeadais chun disciplíní spóirt ISU a riar agus a fhorbairt agus chun tacú lena gcomhaltaí agus a gcuid [scátálaithe] agus chun tairbhe dóibh freisin’.
- 15 Bhí Riail 102(2)(c), Riail 102(7) agus Riail 103(2) iontu freisin, as a lean sé, i gcás rannpháirtíocht lúthchleasaí i gcomórtas nach bhfuil údaraithe ag ISU agus/nó ag ceann amháin de na comhlachais náisiúnta ar comhaltaí iad, bhí an duine lena mbaineann faoi lé smachtbhanna ar a dtugtar ‘caillteanas incháilitheachta’ nó ‘neamh-incháilitheacht’, as ar tháinig eisiamh ar feadh a shaoil ó aon chomórtas arna eagrú ag ISU.
- 16 Le linn 2016, rinneadh leasú páirteacha ar na rialacha maidir le hincháilitheacht.
- 17 I Riail 102(1)(a)(ii), mar thoradh ar an athbhreithniú páirteach sin, ní thagraítear a thuilleadh do ‘chosaint leordhóthanach leasanna eacnamaíocha agus leasanna eile ISU’. Ina ionad sin, luaitear ann ‘go gceaptar an coinníoll incháilitheachta chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do luachanna eiticiúla, cuspóirí reachtúla agus leasanna dlisteanacha eile’ an chomhlachais sin, ‘a úsáideann a ioncam airgeadais chun disciplíní spóirt ISU a riar agus a fhorbairt agus chun tacú [lena] Bhaill agus a scátálaithe agus chun tairbhe dóibh freisin’.
- 18 Faoi Riail 102(7), mar thoradh ar an athbhreithniú páirteach sin, d’fhéadfadh rabhadh nó smachtbhanna ar a dtugtar ‘caillteanas incháilitheachta’ nó ‘neamh-incháilitheacht’ a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht lúthchleasaí i gcomórtas nach bhfuil údaraithe ag ISU agus/nó ag ceann de na comhlachais náisiúnta ar comhaltaí díobh iad, rud a d’fhágfadh go n-eisiafaí é ó aon chomórtas a eagraíonn ISU, bíodh sé ar feadh tréimhse socraithe nó ar feadh a shaoil.
- 19 I dteannta na rialacha éagsúla sin, foráiltear le hAirteagal 25 de Reachtanna ISU go bhféadfadh lúthchleasaithe a bhfuil sé ar intinn acu agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna ‘caillteanais’ nó ‘incháilitheachta’ orthu, caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair CES, i gcomhréir leis na rialacha eadrána.

C. An nós imeachta riaracháin agus an cinneadh atá faoi chonspóid

- 20 Is dhá luas-scátálaithe gairmiúla iad Tuitert agus Kerstholt a bhfuil sainchónaí orthu san Ísiltír. Tá siad ina gcomhaltaí de Koninklijke Nederlandsche Schaatsenrijders Bond (KNSB), Cónaidhm Scátála Ríoga na hÍsiltíre, atá ina comhalta de ISU.
- 21 Is é Lúthchleasaithe an Aontais an príomhchomhlachas Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar lúthchleasaithe agus ar imreoirí i ndisciplíní spóirt éagsúla.
- 22 An 23 Meitheamh 2014, chuir Tuitert agus Kerstholt gearán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh inar mhaígh siad gur sháraigh na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht atá leagtha síos ag ISU Airteagail 101 agus 102 CFAE.
- 23 An 5 Deireadh Fómhair 2015, chinn an Coimisiún imeachtaí a thionscnamh maidir leis an ábhar sin.
- 24 An 29 Meán Fómhair 2016, sheol an Coimisiún ráiteas agóidí chuig ISU, ráiteas inar chinn sé, go bunúsach, gur sháraigh an comhlachas sin Airteagal 101 CFAE. Thug ISU freagra ar an ráiteas agóidí sin an 16 Eanáir 2017.

- 25 An 8 Nollaig 2017, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid. Mar a léiríodh in aithris 3 den chinneadh seo, díríonn sé go príomha ar rialacha incháilitheachta ISU, mar a chuirtear i láthair i míreanna 13 go 18 den bhreithiúnas seo, a cheadaíonn don chomhlachas seo maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht lúthchleasaithe i gcomórtais scátála oighir agus smachtbhannaí a chur orthu san imeacht rannpháirtíochta i gcomórtas nach bhfuil údaraithe aige. Mar is léir ón aithris chéanna, áfach, clúdaíonn sé freisin na rialacha maidir le húdarú roimh ré do na comórtais sin ag ISU, mar a chuirtear i láthair i míreanna 9 go 12 den bhreithiúnas sin é. Ar deireadh, mar a luaitear in aithrisí 5 agus 6 den chinneadh sin, tagraíonn an cinneadh sin freisin do na rialacha eadrána dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas sin.
- 26 In aithrisí 112 agus 115 den chinneadh atá faoi chonspóid, shainigh an Coimisiún an margadh ábhartha mar an margadh domhanda chun comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú agus chun leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin.
- 27 In aithrisí 116 go 134 den chinneadh sin, chinn an Coimisiún go raibh seasamh láidir ag ISU ar an margadh lena mbaineann agus go raibh sé in ann tionchar substaintiúil a imirt ar an iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann. Áirítear go háirithe ar na gnéithe a chuir sé san áireamh chun údar a thabhairt leis an measúnú sin, go háirithe, an ról lárnach atá ag an gcomhlachas sin ar an margadh sin, ina cháil mar an t-aon chomhlachas idirnáisiúnta spóirt a aithníonn CIO i réimse na scátála oighir agus mar chomhlachas atá ceaptha chun an spórt sin a rialáil, a riar, a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud an domhain, agus, ar an dara dul síos, go n-eagraíonn sé agus go margaíonn sé go comhthreomhar na príomhchomórtais idirnáisiúnta sa réimse sin. Ina anailís i ndáil leis sin, bhí an Coimisiún ag brath, *inter alia*, ar chumhacht ISU rialacha a leagan síos atá ceangailteach ar na comhlachais náisiúnta uile ar comhaltaí díobh iad agus ar gach imeacht idirnáisiúnta scátála oighir, bíodh sin eagraithe ag ISU féin, ag a chomhaltaí nó ag eintitis nó gnóthais tríú páirtí. Thug sé dá aire freisin, go bunúsach, go mbaineann na rialacha sin le gach ábhar a bhaineann leis na comórtais sin a eagrú, a stiúradh agus a shaothrú ar bhonn tráchtála (réamhúdarú, rialacha an chluiche, ceanglais theicniúla, coinníollacha airgeadais, rannpháirtíocht lúthchleasaithe, cearta a dhíol, smachtbhanna a fhorchur, díospóidí a réiteach, etc.) agus go bhfuil feidhm leo maidir leis na gníomhaithe uile a bhfuil sé beartaithe páirt a ghlacadh iontu nó a bheith rannpháirteach ina n-eagraíocht nó ina ndúshaothrú (cumainn náisiúnta, lúthchleasaithe, eagraithe, craoltóirí, urraitheoirí, etc.).
- 28 In aithrisí 146 go 152 den chinneadh sin, bhí an Coimisiún den tuairim gur ghá ISU a cháiliú mar 'chomhlachas gnóthas' de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE, a mhéid is gur baill de chomhlachais náisiúnta scátála oighir é ar féidir iad féin a cháiliú mar 'ghnóthais' de réir bhrí na forála sin a mhéid a dhéanann siad gníomhaíochtaí eacnamaíocha arb é atá iontu comórtais a eagrú agus a mhargú agus leas a bhaint as na cearta éagsúla a bhaineann leo, agus mar 'ghnóthas' de réir bhrí na forála sin a mhéid a dhéanann sé gníomhaíochtaí eacnamaíocha den sórt sin freisin. Mheas an Coimisiún freisin gur ceart na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a cháiliú mar 'chinntí comhlachas gnóthas' de réir bhrí na forála sin.
- 29 In aithrisí 162 go 188 den chinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Coimisiún, go bunúsach, gurbh chuspóir do na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht srian a chur ar an iomaíocht ar an margadh lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE, ar an bhforas gur léirigh an scrúdú ar ábhar na rialacha sin, ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de iad agus na haidhmeanna atáthar ag iarraidh a bhaint amach leo gur chuir siad ar chumas ISU, de pháirt, cosc a chur ar eagraithe féideartha comórtas scátála oighir idirnáisiúnta dul isteach sa mhargadh

sin agus, den pháirt eile, teorainn a chur leis an bhféidearthacht do scátálaithe gairmiúla páirt a ghlacadh gan bhac i gcomórtais den sórt sin, agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar eagraithe féideartha comórtas den sórt sin dul isteach sa mhargadh sin.

- 30 In aithrisí 189 go 209 den chinneadh sin, luaigh an Coimisiún, i bhfianaise na measúnuithe a ndearnadh achoimre orthu sa mhír roimhe seo, nár ghá scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht ar iomaíocht, sular leag sé amach na cúiseanna ar mheas sé go raibh sé d'éifeacht ag na rialacha sin iomaíocht a shrianadh ar an margadh lena mbaineann freisin.
- 31 In aithrisí 210 go 266 den chinneadh sin, luaigh an Coimisiún, go bunúsach, nach bhféadfaí a mheas go dtagann na rialacha sin lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE ar an bhforas go raibh údar leo de bharr cuspóirí dlisteanacha atá riachtanach chun na cuspóirí sin a shaothrú.
- 32 In aithrisí 268 go 286 den chinneadh sin, mheas an Coimisiún, go bunúsach, cé nárbh ionann iad iontu féin agus srian ar an iomaíocht, gur ceart a mheas mar sin féin go dtreisiónn na rialacha eadrána an srian ar an iomaíocht a eascraíonn as na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.
- 33 In aithrisí 287 go 348 den chinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Coimisiún, *inter alia*, nár chomhlíon na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht na coinníollacha a cheanglaítear le hAirteagal 101(3) CFAE chun a bheith incháilithe do dhíolúine, gur dócha go ndéanadh na rialacha sin difear don trádáil idir na Ballstáit agus gur ghá ordú a thabhairt do ISU deireadh a chur leis an sárú a sainaithníodh sa chinneadh sin, maidir le pian íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla. Go háirithe, in aithrisí 338 go 342 den chinneadh sin, luaigh an Coimisiún nár mhór a chuimsiú sna bearta a chuir sé de cheangal ar ISU a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú sin, *inter alia*, (i) critéir a ghlacadh maidir le réamhúdarú agus smachtbhannaí de chineál oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, (ii) nósanna imeachta leordhóthanacha a chur i bhfeidhm le haghaidh réamhúdarú agus smachtbhannaí, agus (iii) na rialacha eadrána a leasú ar bhealach lena n-áiritheofar athbhreithniú éifeachtach ar na cinntí a rinneadh ag deireadh na nósanna imeachta sin.
- 34 Áirítear Airteagal 1 sa chuid oibríochtúil den chinneadh atá faoi chonspóid ar dá réir a ndearna ISU 'sárú ar Airteagal 101 [CFAE] [...] trí na rialacha Incháilitheachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, go háirithe Rialacha 102 agus 103 de Rialacháin Ghinearálta 2014 agus 2016 maidir leis an luas-scátáil'. Tá Airteagal 2 luaite inti freisin lena gceanglaítear ar ISU deireadh a chur leis an sárú sin agus staonadh óna athdhéanamh, anuas ar Airteagal 4 lena ndéantar foráil maidir le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas sin.

D. An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi chonspóid

- 35 Le hiarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 19 Feabhra 2018, thionscain ISU caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid. Chun tacú leis an gcaingean sin, bhí ISU ag brath ar ocht saincheist dlí lena líomhnaítear, go bunúsach, leis an gcéad saincheist, gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a lua, leis an dara go dtí an cúigiú saincheist, gur sáraíodh Airteagal 101 CFAE a mhéid a cuireadh an t-Airteagal sin i bhfeidhm maidir leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, leis an séú saincheist, sárú ar an Airteagal sin a mhéid

a cuireadh i bhfeidhm é maidir leis na rialacha eadrána agus, leis an seachtú agus ochtú saincheist, cineál neamhdhleathach na gceanglas agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a forchuireadh air faoi seach.

- 36 Trí dhoiciméid a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 1 Meitheamh 2018, rinne Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes iarratas ar idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú arna lorg ag an gCoimisiún.
- 37 Le hordú an 12 Meán Fómhair 2018, thug Uachtarán an Seachtú Dlísheomra den Chúirt Ghinearálta cead an idiragairt sin a dhéanamh.
- 38 An 20 Nollaig 2019, tharchuir an Chúirt Ghinearálta an cás ar ais chuig Dlísheomra méadaithe.
- 39 An 16 Nollaig 2020, thug an Chúirt Ghinearálta an breithiúnas atá faoi chonspóid, inar chinn sí, go bunúsach, nach raibh an cinneadh atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag neamhdhleathacht a mhéid a bhain sé leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, ach go raibh sé neamhdhleathach a mhéid a bhain sé leis na rialacha eadrána.
- 40 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 52 go 63 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh an chéad saincheist dlí, lenar líomhnaíodh contrárthacht i bhforais an chinnidh atá faoi chonspóid, gan bhunús.
- 41 Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 64 go 123 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach bhféadfaí a cheapadh, leis an dara saincheist ná leis an gceathrú saincheist ó ISU, go raibh measúnuithe an Choimisiúin mícheart, ar dá réir a ceapadh gurbh chuspóir do na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht an iomaíocht a shrianadh, de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.
- 42 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i míreanna 69 go 76 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, fiú mura ndearna údarás poiblí cumhachtaí rialála, maoirseachta, cinnteoireachta agus smachtbhannaí ISU a tharmligean chuige, gur ghá na rialacha arna leagan síos ag an gcomhlachas sin, ina cháil mar an t-aon chomhlachas idirnáisiúnta spóirt atá ann cheana i réimse na scátála oighir, a thuiscint i bhfianaise, go háirithe, an cásdlí a bhaineann leis an eintiteas céanna a bheith i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch agus cumhachtaí eacnamaíocha a fheidhmiú ag an am céanna, a d'fhéadfaí a úsáid chun cosc a chur ar eintitis nó ar ghnóthais atá nó a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile dul isteach sa mhargadh (breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127). Sa chomhthéacs sin, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara freisin go mbaineann na rialacha maidir le húdarú agus incháilitheacht roimh ré le heagrú na gcomórtas idirnáisiúnta scátála oighir is tábhachtaí agus is éadálaí, go háirithe réamhúdarú na gcomórtas sin agus rannpháirtíocht na lúthchleasaithe iontu.
- 43 Ina dhiaidh sin, chinn an chúirt sin, i míreanna 77 go 121 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, i bhfianaise ábhar na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, na haidhmeanna a shaothraítear leis na rialacha sin agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de iad, go raibh an Coimisiún i dteideal teacht ar an gconclúid go raibh sé ina chuspóir ag na rialacha sin srian a chur ar an iomaíocht, de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.

- 44 Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 123 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach raibh sé riachtanach, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh, ina theannta sin, ar na hargóintí a rinne ISU, i gcomhthéacs a dtríú saincheist, chun agóid a dhéanamh i gcoinne mheasúnuithe an Choimisiúin a bhaineann le héifeachtaí iarbhir nó féideartha na rialacha sin ar an iomaíocht.
- 45 Ar an tríú dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 124 go 130 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár sháraigh an Coimisiún raon feidhme críochach Airteagal 101 CFAE, murab ionann agus an méid a d'áitigh ISU leis an gcúigiú saincheist, trí aird a thabhairt, sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar dhiúltú ISU údarú a thabhairt d'ócáid luas-scátála oighir a bhí beartaithe a reáchtáil in Dubai (Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha), is é sin le rá, i dtríú Stát. I ndáil leis sin, chinn an chúirt sin, go bunúsach, gur thagair an institiúid sin don ghné sin chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir le réamhúdarú a leagtar síos ag ISU a léiriú, agus ag an am céanna ag léiriú, ina theannta sin, go raibh na rialacha sin in ann éifeachtaí láithreacha, substaintiúla agus intuartha a bheith acu laistigh den Aontas Eorpach.
- 46 Ar an gceathrú dul síos, tar éis don Chúirt Ghinearálta a chinneadh, i míreanna 134 go 140 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh feidhm leis an séú saincheist a d'ardaigh ISU, a bhain le measúnú an Choimisiúin ar na rialacha eadrána sa chinneadh atá faoi chonspóid, sheas sí leis an tsaincheist sin i míreanna 141 go 164 den bhreithiúnas sin.
- 47 Ar an gcúigiú dul síos agus ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, i míreanna 165 go 178 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur ghá glacadh i bpáirt leis an seachtú agus leis an ochtú saincheist arna n-ardú ag ISU, maidir le dlíthiúlacht na gceanglas agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear sa chinneadh atá faoi chonspóid, a mhéid a bhí na ceanglais agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla sin ag baint leis na rialacha eadrána. Ag an am céanna, dhiúltaigh sí do na saincheistean sin maidir leis an gcuid eile.
- 48 I bhfianaise na measúnuithe sin go léir, chuir an Chúirt Ghinearálta Airteagail 2 agus 4 den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach, agus rinne sí an chuid eile den chaingean a dhíbhe.

II. Ráiteas faoi na hordaithe atá á lorg ag na páirtithe

- 49 Lena achomharc, iarrann ISU ar an gCúirt Bhreithiúnais:
- an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid gur dhiúltaigh sé a chaingean go páirteach ag an gcéad chéim;
 - an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid nach bhfuil sé curtha ar neamhní cheana féin leis an mbreithiúnas atá faoi chonspóid; agus
 - a ordú don Choimisiún agus do na hidiragraithe ag an gcéad chéim na costais arna dtabhú ag an gcéad chéim agus ar achomharc a íoc.
- 50 Iarrann an Coimisiún an t-achomharc a dhíbhe agus a ordú do ISU na costais a íoc.
- 51 D'áitigh Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes gur ceart an t-achomharc a dhíbhe.

- 52 Lena gcrosachomharc, maíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes gur ceart don Chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a cuireadh an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach;
 - an chaingean a dhíbhe ag an gcéad chéim a mhéid nár díbheadh cheana féin í leis an mbreithiúnas atá faoi chonspóid; agus
 - ordú a thabhairt do ISU na costais arna dtabhú ar achomharc a íoc.
- 53 Áitíonn an Coimisiún gur ceart an tras-achomharc a cheadú agus gur ceart a ordú do ISU na costais a íoc.
- 54 Áitíonn ISU gur ceart an crosachomharc a scor agus gur ceart a ordú do Tuitert, do Kerstholt agus do EU Athletes na costais a íoc.

III. An t-achomharc

- 55 Mar thaca leis an ordú atá á lorg chun an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar ceal go páirteach, braitheann ISU ar dhá fhoras achomhairc lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 263 CFAE i gcomhar le hAirteagal 101(1) CFAE.
- 56 Iarrann ISU ar an gCúirt freisin breith a thabhairt ar shubstaint na díospóide agus rialú a thabhairt ina leith.

A. An chéad fhoras achomhairc

1. Argóintí na bpáirtithe

- 57 De réir a chéad fhorais achomhairc, atá roinnte ina thrí chuid, déanann ISU gearán, go bunúsach, gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta ina feidhm mar eadránaí ar dhlíthiúlacht na gcinntí arna nglacadh ag an Coimisiún faoi na rialacha iomaíochta agus gur sháraigh sí coincheap an tsriain ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’ dá dtagraítear in Airteagal 101(1) CFAE.
- 58 Sula leagtar amach an foras sin, leagann ISU trí ghné chomhthéacsúla amach, a shoiléireoidh an scrúdú ar an gcoincheap sin, dar leis.
- 59 Ar an gcéad dul síos, deir sé, ar feadh beagnach céad bliain (1892-1990), gur bhain na rialacha incháilitheachta lena rialaítear rannpháirtíocht lúthchleasaithe i gcomórtais scátála oighir go heisiach le hamaitéaraigh, sular cinneadh, tar éis athrú i seasamh CIO, go ligfí do ghairmithe páirt a ghlacadh sna comórtais sin freisin. Cuirtear in iúl freisin gur mar thoradh ar an bhforbairt sin a tugadh isteach na rialacha is infheidhme maidir le réamhúdarú maidir leis na comórtais sin, agus é mar aidhm leo sin a áirithiú go dtarlaíonn siad i gcomhréir leis na rialacha céanna ar fud an domhain, bíodh siad á n-eagrú ag ISU nó ag eintiteas nó gnóthas tríú páirtí.

- 60 Ar an dara dul síos, tugann ISU faoi deara go ndírítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar luas-scátáil oighir, ar saindisciplín spóirt é ag a bhfuil láimhdeachas CHF (Franc na hEilvéise) 5 mhilliún (thart ar EUR 5.1 milliún ag an ráta malairte reatha) do 2016, as iomlán de bheagnach CHF 32 mhilliún (thart ar EUR 32.7 milliún ag an ráta malairte reatha), as an disciplín spóirt is cáiliúla ná scátáil fhíorach. Cuireann sé in iúl nach bhfuil ach tarraingt teoranta ag an saindisciplín spóirt seo ar an bpobal i gcoitinne agus gurb é sin a mhíníonn an fáth nár chuir aon eintiteas ná gnóthas tríú páirtí isteach air riamh chun comórtas idirnáisiúnta a eagrú sa réimse sin, go dtí gur cuireadh an ceann a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid. Os a choinne sin, fuair sé 20 iarratas den chineál sin i réimse na scátála fíoraí le 20 bliain anuas, gach ceann a údaraíodh. Sonraíonn ISU freisin go raibh an diúltú údarú a thabhairt don iarratas aonair a cuireadh faoina bhráid, dhá uair (ie. in 2011 agus ansin in 2014), i réimse na luas-scátála oighir bunaithe ar an bhéim lárnach a bhí beartaithe ag eagraí an chomórtais idirnáisiúnta a leagan ar ghealltóireacht. Go deimhin, ar deireadh, údaraíodh an comórtas sin san Ísiltír le linn 2016 ach le leagan amach nár chuir an ghealltóireacht san áireamh inti a thuilleadh.
- 61 Ar an tríú dul síos, cuireann ISU in iúl, cé go raibh na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht á gcáiliú mar shrian ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’ agus trí ‘éifeacht’ sa chinneadh atá faoi chonspóid, d’éirigh an Coimisiún as an agóid ar phrionsabal a chuir sé in iúl ar dtús ina ráiteas agóidí maidir leis na rialacha sin, agus dhírigh sé ar a gcineál treallach agus díréireach sa chás seo. Tá sé sin, ina theannta sin, ar an gcúis a chuir ISU na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid chun feidhme trí fhógra, *inter alia*, lena mbeartaítear na rialacha sin a leasú agus gan iad a aisghairm.
- 62 Agus é á thabhairt faoi deara nach líomhnaíonn ISU aon saobhadh ar na fíorais atá os comhair na Cúirte Breithiúnais agus nach mór, dá bhrí sin, na fíorais dá dtagraítear sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid a mheas mar fhíorais a bunaíodh go cinntitheach, cuireann an Coimisiún i gcoinne chruinneas na bhfíoras a chuir ISU chun cinn ag céim an achomhairc. Go háirithe, tugann sé faoi deara, sa chéad áit, nach eintitis ná gnóthais tríú páirtí ach comhaltaí an chomhlachais sin a d’eagraigh an 20 imeacht scátála idirnáisiúnta a d’údaraigh an comhlachas sin. Sa dara háit, idir an dá linn, ghlac comhlachas náisiúnta atá ina chomhalta den chomórtas luas-scátála oighir a bhí beartaithe a d’údaraigh ISU le linn 2016 freisin. Sa tríú háit, dhiúltaigh ISU an comórtas seo a údarú, mar a cheap gnóthas tríú páirtí ar dtús é, cé go raibh a fhios go maith ag an gcomhlachas sin nach raibh aon ghealltóireacht beartaithe sa chomhthéacs sin.
- 63 Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún in iúl nach mór an t-achomharc a scrúdú, i gcomhréir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus leis an mbreithiúnas atá faoi chonspóid, agus an tionchar a bhíonn ag na rialacha a leagtar síos ag ISU ar lúthchleasaithe á gcur san áireamh, go gcuireann siad cosc ar a seirbhísí a thairiscint gan bhac d’eagraithe féideartha comórtas idirnáisiúnta seachas an comhlachas sin agus dá chomhaltaí, ach freisin ar na hoibreoirí sin iad féin, go gcuireann siad cosc ar shaoreagrú comórtas idirnáisiúnta go díreach (rialacha maidir le réamhúdarú) agus go hindíreach (rialacha maidir le hincháilitheacht).
- 64 Tacaíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes leis na hargóintí sin.

(a) An chéad chuid

- 65 Leis an gcéad chuid dá chéad fhoras achomhairc, cháin ISU an Chúirt Ghinearálta toisc gur dhiúltaigh sí roinnt de na hargóintí agus den fhianaise a chuir sé isteach ag an gcéad chéim, á rá aici go raibh siad gan bhunús, neamhéifeachtach nó gan scrúdú a dhéanamh orthu, i

gcomhthéacs an dara saincheist lena n-éilítear neamhniú, ina líomhnaítear sárú ar Airteagal 101(1) CFAE, chun agóid a dhéanamh i gcoinne na measúnuithe ar ar bhraith an Coimisiún chun teacht ar an gconclúid go raibh srian ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’.

- 66 I ndáil leis sin, áitíonn sé, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Coimisiún, sa chinneadh atá faoi chonspóid, measúnú iarbhir i gcomhar le chéile le glacadh agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, agus ansin rinne sé an dá ghné sin a cháiliú mar shrian ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’, mar a d’admhaigh an Chúirt Ghinearálta, ina theannta sin, i míreanna 57 agus 126 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid.
- 67 Ansin, cuireann sé in iúl gur iarr sé ar an gCúirt Ghinearálta, lena dhara saincheist lena n-éilítear neamhniú, diúltú don cháiliú dlíthiúil sin, agus na hearráidí soiléire measúnaithe a thug ar an gCoimisiún teacht ar an tuairim sin, a cháineadh. Go háirithe, áitíonn ISU go ndearna sé agóid, ag an gcéad chéim, i gcoinne mheasúnuithe éagsúla an Choimisiúin – atá le feiceáil in aithrisí 174 go 179 den chinneadh atá faoi chonspóid – a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, mar a léirítear, maidir le chun luas-scátáil oighir, trína dhiúltú, a líomhnaítear a bheith intinniúil agus frithiomaíoch, don t-aon chomórtas idirnáisiúnta beartaithe a cuireadh faoina bhráid le fiche bliain anuas a údarú, ina leagan tosaigh, agus, maidir le scátáil fhíorach, trí údarú ag an am céanna a thabhairt do thimpeall fiche comórtas idirnáisiúnta arna n-eagrú ag tríú páirtithe.
- 68 Ar deireadh, áitíonn sé gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta ina feidhm faoi Airteagal 263 CFAE trí dhiúltú dá argóintí agus dá fhianaise ina leith sin, i míreanna 116, 117, 121 agus 127 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ar an bhforas go raibh siad gan bhunús, neamhéifeachtach nó fiú neamhábhartha a mhéid a bhaineann siad le heilimintí intinniúla agus cur i bhfeidhm nár ghá a chur san áireamh chun a shuíomh gurb ann do shrian ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’, nó ar dhisciplín spóirt seachas an ceann arb é an margadh lena mbaineann an srian sin. Ina theannta sin, rinne an chúirt sin neamhaird ar argóintí nó ar fhianaise eile a cuireadh faoina bráid, go háirithe iad siúd a bhaineann le saincheist na gealltóireachta. I ndáil leis sin, tugann ISU le fios, cé nach ndearnadh foráil dá rannpháirtíocht i gcomhthéacs an chomórtais idirnáisiúnta tríú páirtí arna bheartú a cuireadh faoina bhráid, bhí an gealltóireacht sin i gcroílár an choincheapa a bhí beartaithe ag eagraí an chomórtais sin a chur chun cinn.
- 69 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Tuitert, ó Kerstholt agus ó EU Athletes, gach ceann de na hargóintí sin a dhíospóid.

(b) An dara cuid

- 70 Leis an dara cuid dá chéad fhoras achomhairc, déanann ISU gearán gur chuir an Chúirt Ghinearálta a measúnú fíorasach agus dlíthiúil in ionad mheasúnú fíorasach agus dlíthiúil an Choimisiúin trína chinneadh go raibh sárú ann nach ionann é agus an sárú a suíodh in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid, de shárú ar a feidhm faoi Airteagal 263 CFAE agus trí bheith ag brath ar léiriú mícheart ar Airteagal 101(1) CFAE.
- 71 I ndáil leis sin, áitíonn sí, ar an gcéad dul síos, nach ar iompar a bhí éagsúil go páirteach leis an iompar a rinne an Coimisiún amháin a dhírigh an Chúirt Ghinearálta (trí dhíríú go leithleach ar na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a bheith ann, seachas a nglacadh nó a gcur i bhfeidhm araon), ach go ndearna sí cáiliú difriúil ar an iompar sin freisin. Maidir leis an dara gné sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an tuairim go heisiach go raibh srian ar an iomaíocht trí ‘chuspóir’, ag brath, thairis sin, ní hamháin ar na gnéithe ar ar bhraith an Coimisiún i Roinn 8.3

den chinneadh atá faoi chonspóid (dar teideal ‘Srian ar an iomaíocht de réir cuspóra’) ach freisin ar na cinn a luaitear i Roinn 8.5 den chinneadh sin (dar teideal ‘Rialacha incháilitheachta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101 [CFAE]’). Baineann an dara ceann le ceist ar leith áfach.

- 72 Ar an dara dul síos, maíonn ISU go bhfuil athscríobh an chinnidh atá faoi chonspóid bunaithe ar léiriú mícheart dlí ar Airteagal 101(1) CFAE.
- 73 Déantar idirdhealú san fhoráil sin idir srianta iomaíochta trí ‘chuspóir’ agus ‘éifeacht’, nach bhfuil an chéad cheann den dá cháiliú sin infheidhme ach amháin maidir le hiompar a d’fhéadfaí a mheas, de bharr a chineál féin, a bheith díobhálach don iomaíocht. Sa chás seo, níor mhínigh an Chúirt Ghinearálta conas a thug na gnéithe éagsúla – dá ndearna sí tagairt i míreanna 87 go 89, 91 go 93 agus 101 go 110 den bhreithiúnas atá faoi achomharc – bonn cirt le cáiliú den sórt sin. Os a choinne sin, ní dhearna sí ach scrúdú ar fhoclaíocht na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht agus ar na haidhmeanna a shaothraítear leis na rialacha sin ar bhealach teibí agus gan chomhthéacs, agus tháinig sí ar an tuairim ansin, ag deireadh an scrúdaithe sin, go bhféadfaí na rialacha sin a úsáid chun críoch frithiomaíoch, ag féachaint don chumhacht lánroghnach a thugtar do ISU leo.
- 74 Ina theannta sin, áitíonn ISU nach bhfuil an cásdlí ar a raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath chun críocha na hanailíse sin (breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127) ábhartha ach amháin i gcás srianta iomaíochta trí ‘éifeacht’ agus dá bhrí sin ní féidir é a chur i bhfeidhm de réir analaí chun rialú a thabhairt go bhféadfadh srianta ar an iomaíocht a bheith ann trí ‘chuspóir’, mar a rinne an chúirt sin i míreanna 72 agus 88 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid.
- 75 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Tuitert, ó Kerstholt agus ó EU Athletes, gach ceann de na hargóintí sin a dhíospóid.

(c) An tríú cuid

- 76 Leis an tríú cuid dá chéad fhoras achomhairc, déanann ISU gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí sheasamh leis na measúnuithe a thug ar an gCoimisiún na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a cháiliú mar shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra.
- 77 I ndáil leis sin, áitíonn sí, ar an gcéad dul síos, go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart chun glacadh leis go bhféadfaí brath ar ábhar na rialacha sin chun tacú le cáiliú den sórt sin.
- 78 Murab ionann agus an méid a chinn an Coimisiún in aithrisí 162 agus 163 den chinneadh atá faoi chonspóid agus an méid a luaigh an Chúirt Ghinearálta i míreanna 91 agus 95 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ní leor ann féin é go bhféadfadh ISU roinnt smachtbhannaí tromchúiseacha a chur i bhfeidhm ar lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais idirnáisiúnta maidir le luas-scátáil oighir neamhúdaraíthe chun a shuí go bhfuil srian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Dá bhrí sin, de bharr scrúdú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí, ní mór go mbeifí in ann a shuíomh gur cuireadh i bhfeidhm iad ar lúthchleasaithe a ghlac páirt i gcomórtais ar cosúil gur diúltaíodh a n-údarú ar fhoras neamhdhlisteanach.
- 79 Ina dhiaidh sin, murab ionann agus an méid is léir go háirithe ó aithris 163 den chinneadh atá faoi chonspóid agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 85 go 89 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ós rud é nach dtagraíonn na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht do chuspóirí inaitheanta go beacht, nach bhfuil critéir atá sainithe go soiléir iontu agus dá bhrí sin go

bhfuil cumhacht lánroghnach ag ISU nó, ar a laghad, rogha rófhairsing aige chun iad a chur i bhfeidhm, ní féidir srian ar an iomaíochta de réir cuspóra a shuí ann féin. Arís, bheadh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí nithiúla.

- 80 Thairis sin, murab ionann agus an méid a luaigh an Coimisiún, *inter alia*, in aithrisí 164 agus 165 den chinneadh atá faoi chonspóid, ní thacaíonn na rialacha sin dá dtagraítear, sa leagan a glacadh in 2014, do chosaint leasanna eacnamaíocha ISU, leis an gconclúid go raibh srian ar an iomaíocht, rud a d'aithin an Chúirt Ghinearálta i míreanna 98 agus 109 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid.
- 81 Ar deireadh, murab ionann agus an méid a d'aimsigh an Coimisiún in aithris 166 den chinneadh atá faoi chonspóid agus an méid ar ghlac an Chúirt Ghinearálta leis i mír 97 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfaí na rialacha sin a chur i bhfeidhm maidir le lúthchleasaithe atá rannpháirteach i gcomórtas idirnáisiúnta tríú páirtí nach bhfuil údaraithe ag ISU beag beann ar aon choimhlint uainiúcháin idir an iomaíocht sin agus comórtas a d'eagraigh nó a d'údaraigh ISU, ós rud é nach raibh coinbhleacht maidir le sceideal den sórt sin ann ach gur chuir sé gealltóireacht chun cinn a d'fhág go ndiúltódh an comhlachas sin, ina chéad leagan, don chomórtas idirnáisiúnta tríú páirtí dá dtagraíonn an cinneadh atá faoi chonspóid.
- 82 Ar an dara dul síos, áitíonn ISU go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid ar thrí bhealach maidir le hanailís a dhéanamh ar na haidhmeanna a shaothraítear leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.
- 83 Ar an gcéad dul síos, d'admhaigh sí, i mír 109 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh ISU i dteideal iarracht a dhéanamh a leasanna eacnamaíocha a chosaint, contrártha don mhéid a chinn an Coimisiún in aithris 169 den chinneadh atá faoi chonspóid, ach nár éirigh leis an tátal sin a bhaint as, eadhon, nach bhféadfadh an Coimisiún cuspóir fhrithiomaíoch a thuiscint uaidh sin amháin.
- 84 Ina dhiaidh sin, d'fhéach an Chúirt Ghinearálta leis an earráid sin agus a dhodhéanta atá sé argóint a bhunú ar na haidhmeanna a shaothraítear leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht d'fhonn údar a thabhairt le cáiliú mar rud frithiomaíoch trí rud den sórt sin a thuiscint, i mír 111 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ó ghnéithe eile, a bhaineann le cineál doiléir, treallach agus díréireach na rialacha sin a líomhnaítear a bheith ann. Agus an méid sin á dhéanamh aici, chuir an chúirt sin a measúnú in ionad mheasúnú an Choimisiúin, a bhí ag brath ar na gnéithe sin, sa chinneadh atá faoi chonspóid, chun críocha seachas srian ar an iomaíocht trí chuspóir a bhunú (aithrisí 162 go 187).
- 85 Ar deireadh, is léir ón gcásdlí nach bhfuil na gnéithe sin ábhartha ach amháin chun tuiscint a fháil ar éifeacht an iompair a d'fhéadfadh iomaíocht a shrianadh (breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 69).
- 86 Ar an tríú dul síos, maíonn ISU go ndearna an Chúirt Ghinearálta athbhreithniú ar mheasúnuithe an Choimisiúin maidir leis an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar chuid de na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht. De pháirt amháin, i míreanna 115 go 117 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, bhí an chúirt sin mícheart diúltú dá argóintí maidir le húdarú iliomad comórtas idirnáisiúnta tríú páirtí i réimse na scátála fíoraí ar an bhforas nach raibh an réimse sin mar chuid den mhargadh lena mbaineann sa chás seo. Is léir ón gcásdlí gur féidir fianaise a bhaineann le margadh seachas an margadh lena mbaineann a chur san áireamh i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an gcomhthéacs sin (breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, míreanna 78 agus 79). Den pháirt eile, dhiúltaigh an

chúirt sin, i mír 119 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, do na samplaí iomadúla arna gcruthú d'údarú comórtas tríú páirtí ar an bhforas gur chinn an Coimisiún, dar léi, go raibh féidearthacht nó baol ann go gcuirfí na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht i bhfeidhm go treallach.

- 87 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Tuitert, ó Kerstholt agus ó EU Athletes, gach ceann de na hargóintí sin a dhíospóid.

2. Measúnú na Cúirte

- 88 Leis na trí chuid dá chéad fhoras achomhairc, cáineann ISU, ar bhealaí éagsúla, an chaoi a ndearna an Chúirt Ghinearálta athbhreithniú ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid agus an toradh ar tháinig sí air mar thoradh ar an athbhreithniú sin. Go bunúsach, maíonn sé, ag féachaint, ar an gcéad dul síos, do bhrí agus do raon feidhme Airteagal 101 CFAE agus, ar an dara dul síos, don chaoi ar chuir an Coimisiún an fhoráil sin i bhfeidhm sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach mór an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar ceal ar an bhforas go bhfuil earráidí dlí ann lena líomhnaítear, ar an gcéad dul síos, gur chuir an Chúirt Ghinearálta a measúnú in ionad mheasúnú an Choimisiúin trína chinneadh go raibh sárú ann seachas an sárú a raibh an institiúid sin tar éis a aithint (an dara cuid), ar an dara dul síos, ghlac an Chúirt Ghinearálta go mícheart leis go bhféadfaí a mheas gurb é an sárú sin 'cuspóir' an tsriain ar an iomaíocht (an dara cuid agus an tríú cuid) agus, ar an tríú dul síos, gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta ina feidhm trí chuid de na hargóintí agus den fhianaise a cuireadh faoina bráid chun agóid a dhéanamh i gcoinne an mheasúnaithe sin a sheachaint (an chéad agus an tríú cuid).
- 89 I bhfianaise an bhealaigh ina bhfuil an phléadáil sin struchtúrtha, is iomchuí scrúdú a dhéanamh ar na codanna éagsúla le chéile, tar éis bhrí agus raon feidhme fhorálacha Airteagal 101 CFAE a thabhairt chun cuimhne, agus ní mór measúnú a dhéanamh i bhfianaise an bhfuil bunús maith leo.
- 90 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, ón tús, nach gá ISU a cháiliú, i bhfianaise Airteagal 101 CFAE, mar 'chomhlachas gnóthas' atá ag gabháil, thairis sin, do ghníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú, ná iad siúd ar dá réir atá na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht ina 'gcinneadh ó chomhlachas gnóthas' de réir bhrí an Airteagail sin. Ní chonspóidtear ach oiread go bhféadfadh an cinneadh sin ó chomhlachas gnóthas 'dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit' de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE. Ar deireadh, maidir leis na háitimh nach gcomhlíontar na coinníollacha éagsúla le haghaidh díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE leis an gcinneadh sin, ní chonspóidtear ach oiread iad, fiú mar mhalairt ar áiteamh eile.

(a) Infheidhmeacht Airteagal 101 CFAE maidir leis an spórt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch

- 91 Sa mhéid gur gníomhaíocht eacnamaíoch é spórt a chleachtadh, tagann sé faoi raon feidhme fhorálacha dhlí an Aontais is infheidhme i gcás gníomhaíocht den sórt sin (féach chuige sin, breithiúnais an 12 Nollaig 1974, *Walrave agus Koch*, 36/74, EU:C:1974:140, mír 4 agus an 16 Márta 2010, *Olympique Lyonnais*, C-325/08, EU:C:2010:143, mír 27).
- 92 Ní mór a mheas nach bhfuil baint ag aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ach le rialacha sonracha áirithe a glacadh, ar thaobh amháin, ar chúiseanna neamheacnamaíocha agus, ar an taobh eile, nach mbaineann siad ach le hábhair ar díol spéise iad don spórt iontu féin. Is amhlaidh an cás, go

háirithe, leis na cinn a bhaineann le himreoirí eachtracha a eisiamh ó chomhdhéanamh na bhfoirne atá rannpháirteach i gcomórtais idir foirne a dhéanann ionadaíocht ar a dtír nó le socrú na gcrítear rangaithe a úsáidtear chun lúthchleasaithe a bheidh rannpháirteach i gcomórtais aonair a roghnú (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Nollaig 1974, *Walrave agus Koch*, 36/74, EU:C:1974:140, mír 8; an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, míreanna 76 agus 127, chomh maith leis an 11 Aibreán 2000, *Deliège*, C-51/96 agus C-191/97, EU:C:2000:199, míreanna 43, 44, 63, 64 agus 69).

- 93 Cé is moite de na rialacha sonracha sin, rialacha a thagann ó chomhlachais spóirt agus, ar bhonn níos leithne, iompar na gcomhlachas a ghlac iad, tagann siad faoi raon feidhme fhorálacha Chonradh FAE a bhaineann le dlí na hiomaíochta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 30 go 33), rud a chiallaíonn gur féidir na comhlachais sin a cháiliú mar ‘ghnóthais’ de réir bhrí Airteagal 101 agus 102 CFAE nó gur féidir na rialacha atá i gceist a cháiliú mar ‘chinntí comhlachas gnóthas’ de réir bhrí Airteagal 101 CFAE.
- 94 D’fhéadfadh a leithéid a bheith amhlaidh, go háirithe, le rialacha maidir le comhlachas spóirt a bheith ag feidhmiú cumhachtaí a chuidíonn le húdarú a thabhairt roimh ré i dtaobh comórtais spóirt, ar gníomhaíocht eacnamaíoch í a eagrú agus a mhargú do na gnóthais a ghabhann dó nó a bheartaíonn gabháil dó, lena n-áirítear comhlachas den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, mír 28). D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcás rialacha atá ceaptha chun rannpháirtíocht lúthchleasaithe i gcomórtais den sórt sin a rialáil, ar gníomhaíocht eacnamaíoch í ina bhfeidhmíonn siad an spórt lena mbaineann ar bhonn gairmiúil nó leathghairmiúil.
- 95 Mar sin féin, tá gnéithe doshéanta ag baint le gníomhaíocht spóirt a d’fhéadfaí a fháil, go háirithe maidir leis an spórt amaitéarach, i gcleachtadh an spóirt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Aibreán 2000, *Lehtonen agus Castors Braine*, C-176/96, EU:C:2000:201, mír 33).
- 96 Féadfar na gnéithe sonracha atá mar shaintréithe ag earnáil eacnamaíoch a chur san áireamh, i measc gnéithe eile agus a mhéid atá siad ábhartha, agus Airteagal 101 CFAE á chur i bhfeidhm agus, go sonrach, agus scrúdú á dhéanamh an gá a mheas go bhfuil ‘cuspóir’ ag baint le hiompar áirithe nó, ina éagmais sin, an ‘éifeacht’ iomaíochta a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, ag féachaint don chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de í agus do na ‘fíorchoinníollacha’ nó ‘fíor-chomhthéacs’ atá ina shaintréith de struchtúr agus d’fheidhmiú na hearnála nó na margaí lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 1994, *DLG*, C-250/92, EU:C:1994:413, mír 31). I scrúdú den sórt sin, d’fhéadfaí mar shampla, cineál, eagrú nó feidhmiú an spóirt lena mbaineann a chur san áireamh, agus, go sonrach, an gairmiúlú a dhéantar air, an chaoi a ndéantar é, an chaoi a n-idirghníomhaíonn na gníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu leis agus an ról atá ag na struchtúir nó na húdaráis atá freagrach as ar gach leibhéal, lena gcuireann an tAontas Eorpach comhar chun cinn, i gcomhréir le hAirteagal 165(3) CFAE.

(b) Airteagal 101(1) CFAE

- 97 Dearbhaíonn Airteagal 101(1) CFAE nach bhfuil sé ag luí leis an margadh inmheánach agus toirmiscear gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh de chuid comhlachais gnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thrádáil idir Ballstáit agus a bhfuil sé de chuspóir acu nó d'éifeacht acu an iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

(1) Maidir le hiompar a aithint arb é a 'chuspóir' nó a 'éifeacht' ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE

- 98 Chun a fháil amach, i gcás ar leith, go dtagann comhaontú, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe faoin toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, is gá, i gcomhréir le foclaíocht iarbhrí na forála sin, a léiriú go bhfuil sé ina chuspóir ag an iompar an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, nó go bhfuil éifeacht den sórt sin ag an iompar (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, lch. 359, agus an 29 Meitheamh 2023, *Super Bock Bebidas*, C-211/22, EU:C:2023:529, mír 31).
- 99 Chuige sin, is gá, mar chéad chéim, ábhar an iompair i dtrácht a scrúdú. Más rud é, tar éis scrúdú den sórt sin, go gcruthaítear go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag an iompar sin, ní gá a éifeacht ar iomaíocht a scrúdú. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil cuspóir frithiomaíoch den sórt sin ag an iompar sin ach amháin más gá, mar dhara céim, an éifeacht sin a scrúdú (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, lch. 359, agus an 26 Samhain 2015, *Maxima Latvija*, C-345/14, EU:C:2015:784, míreanna 16 agus 17).
- 100 Tá difríocht idir an measúnú atá le déanamh de réir an bhfuil sé mar 'chuspóir' nó mar 'éifeacht' ag an iompar atá i gceist iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, a bhfuil gach ceann acu faoi réir córas dlíthiúil agus fianaiseach ar leith (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile* C-307/18, EU:C:2020:52, mír 63).

(i) Maidir lena aithint gurb ann d'iompar arb é a 'chuspóir' ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh

- 101 Mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, mar a achoimríodh, go háirithe, i mbreithiúnas an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile* (C-179/16, EU:C:2018:25, mír 78), agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile* (C-307/18, EU:C:2020:52, mír 67), ní mór an coincheap 'cuspóir' frithiomaíoch a léiriú go docht, cé, mar is léir ó mhíreanna 98 agus 99 den bhreithiúnas seo, nach ionann é agus eisceacht ón gcoincheap 'éifeacht' fhrithiomaíoch.
- 102 Dá bhrí sin, ní mór a thuiscint go dtagraíonn an coincheap sin go heisiach do chineálacha áirithe comhordaithe idir gnóthais lena nochtar leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht chun a chinneadh nach gá scrúdú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí. D'fhéadfaí a mheas, de réir a gcineáil féin, go ndéanann cineálacha áirithe comhordaithe idir gnóthais dochar d'fheidhmiú cuí an ghnáthiomaíochais (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, *LTM*, 56/65, EU:C:1966:38, lch. 359; an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 78, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 67).

- 103 Áirítear ar na cineálacha iompair nach mór a mheas mar iompar den sórt sin, ar an gcéad dul síos, iompar claonpháirteach áirithe a dhéanann dochar ar leith don iomaíocht, amhail cairtéil chothrománacha as a n-eascraíonn socrú praghsanna, teorannú ar an acmhainneacht táirgeachta nó leithdháileadh custaiméirí. Mar thoradh ar na cineálacha iompair sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna nó laghdú ar aschur agus, dá bhrí sin, go dtiocfaidh mí-úsáid acmhainní as an soláthar, rud a rachadh chun dochair d'úsáideoirí gnó agus do thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, míreanna 17 agus 33; an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 51, agus an 16 Iúil 2015, *ING Pensii*, C-172/14, EU:C:2015:484, mír 32).
- 104 Agus é gan bheith chomh díobhálach céanna don iomaíocht, d'fhéadfaí a mheas freisin, i gcásanna áirithe, go bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag cineálacha eile iompair. Tá feidhm aige sin, go háirithe, maidir le cineálacha áirithe comhaontuithe cothrománacha seachas cairtéil, mar shampla na cinn as a n-eisiatar gnóthais iomaíocha ón margadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 76, 77, 83 go 87 agus 101, agus an 25 Márta 2021, *Lundbeck v an Coimisiún*, C-591/16 P, EU:C:2021:243, míreanna 113 agus 114), nó cineálacha áirithe cinntí ag comhlachais gnóthas arb é is cuspóir dóibh iompar a gcomhaltaí a chomhordú, go háirithe i dtéarmaí praghsanna (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Eanáir 1987, *Verband der Sachversicherer v an Coimisiún*, 45/85, EU:C:1987:34, mír 41).
- 105 Chun a chinneadh, i gcás ar leith, an ndéanann comhaontú, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe, mar gheall ar a chineál, díobháil leordhóthanach don iomaíocht chun go bhféadfaí a mheas go bhfuil sé mar chuspóir aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is gá scrúdú a dhéanamh, ar dtús, ar ábhar an chomhaontaithe, an chinnidh nó an chleachtais atá i gceist, ar an dara dul síos, ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de iad agus, ar an tríú dul síos, ar na haidhmeanna atáthar ag iarraidh a bhaint amach leo (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 53, agus an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 79).
- 106 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir le comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil an iompair atá i gceist, is gá aird a thabhairt ar chineál na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann agus ar na dálaí iarbhir atá ina saintréithe de struchtúr agus d'fheidhmiú na n-earnálacha nó na margaí i gceist (breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 53, agus an 23 Eanáir 2018, *F. Hoffmann-La Roche agus páirtithe eile*, C-179/16, EU:C:2018:25, mír 80). Os a choinne sin, ní gá ar bhealach ar bith scrúdú *a fortiori* a dhéanamh ar éifeachtaí an iompair sin ar iomaíocht, bíodh siad iarbhir nó féideartha agus diúltach nó dearfach, mar a leanas ón gcásdlí a luaitear i míreanna 98 agus 99 den bhreithiúnas seo.
- 107 Ina dhiaidh sin, maidir leis na haidhmeanna a shaothraítear leis an iompar atá i gceist, is gá na haidhmeanna oibiachtúla atáthar ag iarraidh a bhaint amach leis an iompar sin maidir le hiomaíocht a chinneadh. Ar an taobh eile, níl an fíoras gur ghníomhaigh na gnóthais lena mbaineann gan intinn shuibhiachtúil chun an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus gur shaothraigh siad cuspóirí dlisteanacha áirithe, cinntitheach chun Airteagal 101(1) CFAE a chur i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Aibreán 2006, *General Motors v an Coimisiún*, C-551/03 P, EU:C:2006:229, míreanna 64 agus 77 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 21).

108 Ar deireadh, agus na gnéithe uile dá dtagraítear sna trí mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo á gcur san áireamh, ní mór a léiriú, in aon chás, na cúiseanna beachta a bhaineann leis an iompar i dtrácht a bheith ina dhíobháil leordhóthanach don iomaíocht, agus údar maith á thabhairt don chonclúid go bhfuil sé mar chuspóir aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v an Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 69).

(ii) *Maidir lena aithint gurb ann d'iompar arb é a 'éifeacht' ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh*

109 Le coincheap an iompair a bhfuil 'éifeacht' fhrithiomaíoch aige, cuimsítear aon iompar nach féidir a mheas go bhfuil 'cuspóir' frithiomaíoch aige, ar choinníoll go léirítear gurb é éifeacht iarbhir nó fhéideartha an iompair sin iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, agus go ndéantar an méid sin go suntasach (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Bealtaine 1998, *Deere v an Coimisiún*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 77, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 117).

110 Chuige sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar an iomaíocht sa chomhthéacs iarbhir ina dtarlódh sé in éagmais an chomhaontaithe, an chinnidh ó chomhlachas gnóthas nó an chleachtas chomhbheartaithe atá i gceist (breithiúnais an 30 Meitheamh 1966, LTM, 56/65, EU:C:1966:38, lch. 360, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 118), tríd an margadh nó na margaí ar a bhféadfaidh an t-iompar sin éifeachtaí a bheith aige a shainiú, agus ansin trí na margaí sin a shainaithint, bíodh siad iarbhir nó féideartha. Ní mór na fíorais ábhartha go léir a chur san áireamh sa scrúdú féin.

(2) *An fhéidearthacht a mheas go dtagann iompar sonracha áirithe lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE*

111 Is léir ó chásdlí socair na Cúirte nach gá go dtiocfadh aon chomhaontú idir gnóthais nó aon chinneadh ag comhlachas gnóthas lena gcuirtear srian ar shaoirse gníomhaíochta na ngnóthas is páirtí don chomhaontú sin nó faoi réir chomhlíonadh an chinnidh sin faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE. Go deimhin, d'fhéadfadh an scrúdú ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil a bhfuil cuid de na comhaontuithe sin agus cuid de na cinntí sin mar chuid de, a bheith mar thoradh air, ar an gcéad dul síos, go bhfuil údar leo trí chuspóir dlisteanach amháin nó níos mó a shaothrú ar mhaithe le leas an phobail nach bhfuil, iontu féin, frithiomaíoch, agus ar an dara dul síos, go bhfuil fíorghá leis na modhanna sonracha a úsáidtear chun na cuspóirí sin a shaothrú chun na críche sin agus, ar an tríú dul síos, fiú má shuítear go bhfuil an éifeacht bhunúsach sin a bhaineann leis an iomaíocht a shrianadh nó a shaobhadh ann, ar a laghad, nach dtéann an éifeacht bhunúsach sin thar a bhfuil riachtanach, go háirithe, trí dheireadh a chur leis an iomaíocht ar fad. Féadfaidh feidhm a bheith ag an gcásdlí sin, go háirithe, i gcás comhaontuithe nó cinntí i bhfoirm rialacha arna nglacadh ag comhlachas amhail comhlachas gairmiúil nó comhlachas spóirt, d'fhonn cuspóirí eiticiúla nó dualeolaíochta áirithe a shaothrú agus, ar bhonn níos leithne, maidir le feidhmiú gníomhaíochta gairmiúla a rialáil, má léiríonn an comhlachas lena mbaineann go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach thuas (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus páirtithe eile*, C-309/99, EU:C:2002:98, mír 97; an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 42 go 48, agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 93, 96 agus 97).

- 112 Go sonrach, i réimse an spóirt, léirigh an Chúirt, i bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil di, nach dtagann na rialacha frithdhópála arna nglacadh ag CIO faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, cé go gcuirtear teorainn ar shaoirse gníomhaíochta lúthchleasaithe leo, agus go bhfuil an éifeacht bhunúsach acu an iomaíocht fhéideartha atá eatarthu a shrianadh trí thairseach a shainiú arb ionann láithreach nandrolóin agus dópáil, agus é mar aidhm leo cothroime, iomláine agus cuspóir na hiomaíochta spóirt a chaomhnú, comhdheiseanna a áirithiú idir lúthchleasaithe, a sláinte a chosaint agus urraim do na luachanna eiticiúla i gcoirlár an spóirt a áirithiú, lena n-áirítear an fiúntas (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 43 go 55).
- 113 Ar an taobh eile, ní féidir feidhm a bheith leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 111 den bhreithiúnas seo maidir le hiompar – cé gur fada an t-iompar úd ó bheith teoranta don ‘éifeacht’ bhunúsach a bheith aige srian a chur, nó ar a laghad go bhféadfadh sé srian a chur, ar shaoirse gníomhaíochta gnóthas áirithe – lena léirítear, maidir leis an iomaíocht sin, méid áirithe díobhála lena dtugtar bonn cirt don tuairimíocht lena dtugtar le tuiscint go bhfuil sé ‘mar chuspóir’ aige fiú an iomaíocht sin a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh. Dá bhrí sin, níl ann ach má thagann sé chun solais, ag deireadh an scrúdaithe ar an iompar atá i gceist i gcás ar leith, nach bhfuil sé mar chuspóir ag an iompar sin an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is gá a chinneadh, ina dhiaidh sin, an bhféadfadh an t-iompar sin teacht faoi raon feidhme an chásdlí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 69; an 4 Meán Fómhair 2014, *API agus páirtithe eile*, C-184/13 go C-187/13, C-194/13, C-195/13 agus C-208/13, EU:C:2014:2147, mír 49, agus an 23 Samhain 2017, *CHEZ Elektro Bulgaria agus FrontEx International*, C-427/16 agus C-428/16, EU:C:2017:890, míreanna 51, 53, 56 agus 57).
- 114 A mhéid a bhaineann le hiompar arb é is cuspóir dó an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is de bhun Airteagal 101(3) CFAE amháin atá sé dá bhrí sin, agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos leis an bhforáil sin go bhféadfaí tairbhe díolúine ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE a dheonú dó (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Samhain 2008, *Beef Industry Development Society agus Barry Brothers*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 21).
- 115 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin go léir nach mór measúnú a dhéanamh ar na hargóintí éagsúla arna gcur chun cinn ag ISU.

(c) An sárú a fuarthas sa chás seo

- 116 Maidir le hargóintí ISU gur chuir an Chúirt Ghinearálta a measúnú in ionad mheasúnú an Choimisiúin trína chinneadh go raibh sárú ann seachas an sárú a raibh an institiúid sin tar éis a aithint, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara, i míreanna 57 agus 126 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur chinn an Coimisiún go raibh sárú ann arb é a bhí ann, i gcás ISU, glacadh agus cur i bhfeidhm – ar an margadh domhanda chun comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú agus chun na cearta éagsúla a bhaineann leis na comórtais sin a shaothrú – na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, sna leaganacha a glacadh in 2014 agus 2016, mar a léiríonn ISU ina achomharc chomh maith. Luaigh an Chúirt Ghinearálta freisin, sa chéad mhír den dá mhír sin, gur aithin an Coimisiún an t-iompar sin mar shárú ar Airteagal 101(1) CFAE ar an bhforas go raibh mar ‘chuspóir’ aige, ar an gcéad dul síos, agus, go raibh ‘d’éifeacht’ aige ar an dara dul síos, srian a chur ar an iomaíocht.

- 117 Sa dara háit, chrom an Chúirt Ghinearálta ar athbhreithniú, i míreanna 77 go 120 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ar na measúnuithe a thug ar an gCoimisiún glacadh agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a aithint mar iompar a raibh sé mar ‘chuspóir’ aige an iomaíocht a shrianadh, agus scrúdú á dhéanamh aici, ar an gcéad dul síos, ar na measúnaithe ar ábhar na rialacha sin, ar an dara dul síos, ar na measúnaithe ar na cuspóirí a bhaineann leis na haidhmeanna a shaothraítear leis na rialacha sin agus, ar an tríú dul síos, ar na haidhmeanna a bhaineann leis an gcomhthéacs ar cuid de iad na rialacha sin, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, dá dtagraítear, dála an scéil, i míreanna 66 agus 67 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid. Ag deireadh a hathbhreithnithe, chinn an chúirt sin, i míreanna 121 go 123 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach ndearna an Coimisiún aon cheann de na hearráidí dlí ná aon earráid fhollasach mheasúnaithe a bhí líomhnaithe ag ISU, rud a d’fhág gurbh chosúil nach raibh bunús leis an iompar a aithint ar chaoi gurb é a bhí mar ‘chuspóir’ aige srian a chur ar an iomaíocht agus nár ghá, dá bhrí sin, rialú a thabhairt ar argóintí ISU maidir le haithint an iompair ar chaoi mhalartach agus tháinisteach amhail go raibh ‘d’éifeacht’ aige srian a chur ar an iomaíocht.
- 118 Sa tríú háit agus ar deireadh, is léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte go gcomhfhreagraíonn sainathint an iompair atá i gceist sa chás seo agus aithint an iompair sin sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid dá raibh sa chinneadh atá faoi chonspóid ar gach slí. Maidir le hAirteagal 1 den chinneadh sin, ar dá réir a sháraigh ISU Airteagal 101(1) CFAE trí na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, ní mór é a léamh i bhfianaise aithrisí 161 go 188 de, inar mheas an Coimisiún, i bhfianaise a n-ábhar, i na n-aidhmeanna a shaothraítear leo agus an chomhthéacs eacnamaíoch agus dhlíthiúil ar cuid de iad, gur ghá a mheas go bhfuil sé mar ‘chuspóir’ ag na rialacha sin srian a chur ar an iomaíocht, sular chuir sé leis sin, go leithleach agus go neamhspleách, in aithrisí 194 go 209 den chinneadh sin, go raibh sé ‘d’éifeacht’ ag na rialacha sin srian a chur ar an iomaíocht freisin.
- 119 Go háirithe, mar a léiríonn na torthaí éagsúla sin, níor ghlac an Coimisiún cáiliú dlíthiúil ‘ina gcomhcheanglaítear’ na coincheapa malartacha ‘cuspóir’ agus ‘éifeacht’ fhrithiomaíoch, mar a mhaíonn ISU. Os a choinne sin, ghlac sé, ag an am céanna, dhá cháiliú dlí ar leith agus neamhspleách, a raibh gach ceann acu, dá mba rud é go raibh bonn cirt leo, ina mbunús leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh atá faoi chonspóid.
- 120 Sna himthosca sin, níor rialaigh an Chúirt Ghinearálta, i gcontrárthacht leis an méid a áitíonn ISU, ar shárú a bhí éagsúil ón sárú a bhí aitheanta ag an gCoimisiún. Os a choinne sin, níor chinn sé ach nach raibh an chéad cheann den dá cháiliú dlí a ghlac an institiúid sin curtha ó bhail ag aon cheann de na hearráidí arna líomhain ISU.
- 121 Ina theannta sin, cé gur fíor nach ndéantar tagairt sna míreanna den bhreithiúnas atá faoi chonspóid a bhaineann leis an athbhreithniú ar dhea-bhunús dlí an cháilithe sin i bhfianaise ábhar (míreanna 81 go 98), aidhmeanna (míreanna 99 go 114) agus comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil (míreanna 115 go 120) na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht tráth ar bith ar an gcaoi ar chuir ISU na rialacha sin i bhfeidhm, ní mór a chinneadh gurb ionann an cur chuige sin agus an cur chuige a lean an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid. Go bunúsach, ní dhéantar – sna míreanna den chinneadh sin ina ndéantar scrúdú ar ábhar (aithrisí 162 go 167 agus 180 go 187), ar aidhmeanna (aithrisí 168 go 171) agus ar chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil (aithrisí 172 agus 173) na rialacha sin – tagairt dá d’fhadhb leithéid, a scrúdaítear i gcomhthéacs míreanna éagsúla amháin, amhail iad siúd a bhaineann le ‘hintinn’ ISU (aithrisí 174 go 179) nó ‘éifeacht’ na rialacha iomaíochta sin (aithrisí 199 go 205).

- 122 Dá bhrí sin, ní mór argóintí ISU inar léiríodh gur chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuarthas sárú seachas an sárú arna aithint ag an gCoimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid, trína measúnú féin a chur in ionad mheasúnú an Choimisiúin, a dhíbhe toisc iad a bheith gan bhunús.

(d) Maidir le hiompar a bheith ann sa chás seo arb é a ‘chuspóir’ ná an iomaíocht a shrianadh

- 123 Ar an iomlán, is de thrí chineál argóintí ISU maidir leis an bhforas gur léirigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 101(1) CFAE go mícheart agus gur tháinig sí ar an gconclúid go mícheart ar bhonn an léirithe sin, go ndearna an Coimisiún na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a cháiliú i gceart mar iompar a bhfuil mar ‘chuspóir’ aige srian a chur ar an iomaíocht.
- 124 Go bunúsach, cáineann ISU an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, toisc gur léirigh sí coincheap an ‘chuspóra’ fhrithiomaíoch go mícheart agus cinneadh á dhéanamh aici, mar a rinne an Coimisiún, i bhfianaise an chineáil iompair atá i gceist sa chás seo, gur ghá scrúdú a dhéanamh ar a ábhar, na haidhmeanna a shaothraítear leis agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de é a chur i gcrích i bhfianaise bhreithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE* (C-49/07, EU:C:2008:376), agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiatas de Contas* (C-1/12, EU:C:2013:127). Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart gur ghá an t-iompar sin a cháiliú mar shárú ar Airteagal 101(1) CFAE ar an bhforas go raibh srian ar an iomaíocht mar ‘chuspóir’ aige, mar is léir ó mheasúnuithe an Choimisiúin ar ábhar, aidhmeanna agus ar chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht. Ag an am céanna, níor thug an chúirt sin rialú ar eilimintí riachtanacha eile, amhail an intinn a chuir an Coimisiún i leith ISU agus éifeachtaí na rialacha sin ar an margadh lena mbaineann agus ar an margadh gaolmhar maidir le scátáil fhíorach. Ar an tríú dul síos, trí scrúdú comhpháirteach a dhéanamh ar an dara agus ar an gceathrú saincheist lena n-éilítear neamhniú, a bhain leis an gcoincheap ‘chuspóir’ frithiomaíoch de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais ar dá réir is féidir a mheas go bhfuil iompar áirithe lasmuigh de raon feidhme na forála sin, faoi seach (breithiúnas an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus páirtithe eile*, C-309/99, EU:C:2002:98), rinne an Chúirt Ghinearálta earráidí breise dlí arb é a bhí iontu, go bunúsach, an dá cheist ar leithligh sin a ‘chónascadh’ agus trína dhéanamh, chuir sí a measúnú féin in ionad mheasúnú an Choimisiúin.

(1) Maidir le hinfhaidhmeacht an chásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE* (C-49/07, EU:C:2008:376), agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas* (C-1/12, EU:C:2013:127) sa chás seo

- 125 Fághtar ó chásdlí na Cúirte nach féidir cothabháil nó forbairt neamhshaofa na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach a ráthú ach amháin má áirithítear comhionannas deiseanna idir gnóthais. Tarlaíonn coinbhleacht leasa trí chumhacht a thabhairt do ghnóthas – a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith – a chinneadh, *de jure* nó fiú *de facto*, an bhfuil na gnóthais eile údaráithe chun an ghníomhaíocht sin a dhéanamh agus an chumhacht a thabhairt na coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfar an ghníomhaíocht sin a dhéanamh, rud a thugann buntáiste soiléir don ghnóthas sin thar a chuid iomaitheoirí trína chur ar a chumas cosc a chur orthu dul isteach sa mhargadh lena mbaineann nó a bheith fabhrach lena ghníomhaíocht féin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Nollaig 1991, *GB-Inno-BM*, C-18/88, EU:C:1991:474, mír 25; an 12 Feabhra 1998, *Raso agus páirtithe eile*, C-163/96, EU:C:1998:54, míreanna 28 agus 29, agus an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 38, 49, 51 agus 52) agus, trí amhlaidh a

dhéanamh, cuirtear ar a chumas chomh maith cosc a chur ar fhorbairt na hiomaíochta chun aimhleasa na dtomhaltóirí trí tháirgeadh, forbairt táirgí nó seirbhísí malartacha nó nuálaíocht a theorannú.

- 126 Dá bhrí sin, ní fhéadfar cumhacht dá leithéid sin a thabhairt do ghnóthas ar leith ach amháin má tá sé faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus athbhreithniú, beag beann más ó leithdháileadh ceart eisiach nó speisialta arna dhéanamh ag Ballstát lena mbronntar ceannasacht, ar an margadh lena mbaineann, ar an ngnóthas dá dtugtar é thagann an chumhacht sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 50 agus 53), nó ó iompar uathrialach gnóthais a bhfuil ceannasacht aige, rud a chuireann ar chumas an ghnóthais sin cosc a chur ar ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile ó dhul isteach sa mhargadh sin nó chuig margaí gaolmhara nó cóngaracha (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 1991, *GB-Inno-BM*, C-18/88, EU:C:1991:474, míreanna 17 go 20 agus 24), nó fiú ó chinneadh ó chomhlachas gnóthas, *a fortiori* i gcás nach mór an comhlachas óna dtionscnaítear an cinneadh sin a mheas, i gcomhthráth, mar 'ghnóthas' i bhfianaise a ghníomhaíochta eacnamaíche ar an margadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 39, 44, 45, 59, 91 agus 92).
- 127 Is é sin an fáth ar chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, seachas má tá sí faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus athbhreithniú lenar féidir an riosca go ndéanfar mí-úsáid ar cheannasacht a eisiáil, go sáraítear – le cumhacht den sórt sin, nuair a thugtar í do ghnóthas a bhfuil ceannasacht aige, agus trína leithéid a bheith ann fiú – Airteagal 102 CFAE arna léamh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le hAirteagal 106 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 50 agus 53).
- 128 Ar an gcaoi chéanna, ós rud é go bhféadfaidh feidhm a bheith ag Airteagail 101 agus 102 CFAE, agus cuspóirí ar leith á saothrú acu agus raon feidhme difriúil acu, i gcomhthráth maidir leis an iompar céanna nuair a chomhlíontar a gcuid coinníollacha áirithe chun a gcur i bhfeidhm araon (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 1989, *Saeed Flugreisen agus Silver Line Reisebüro*, 66/86, EU:C:1989:140, mír 32; an 16 Márta 2000, *Compagnie maritime belge transports agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-395/96 P agus C-396/96 P, EU:C:2000:132, mír 33, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 146), dá bhrí sin, ní mór na hAirteagail sin a léiriú go comhsheasmhach, agus urraim á tabhairt, áfach, do na gnéithe sonracha lena léirítear iad, is fiú cumhacht den sórt sin a mheas amhail gurb é atá mar 'chuspóir' aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.
- 129 Fiú murab amhlaidh an cás, is féidir, ar a laghad, an chumhacht sin a mheas amhail go bhfuil sé 'd'éifeacht' aici an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, mar a chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl cheana féin (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 69).
- 130 Ar na cúiseanna sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh, go bunúsach, i míreanna 68 go 76 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mar a rinne an Coimisiún in aithrisí 172 agus 173 den chinneadh atá faoi chonspóid, i bhfianaise an chineáil iompair atá i gceist sa chás seo, eadhon, cinneadh ó chomhlachas gnóthas lena dtugtar cumhacht don chomhlachas sin atá freagrach as disciplín spóirt chun rialáil agus maoirseacht a dhéanamh air, é a smachtú agus smachtbhannaí a fhorchur lena gcuirtear ar a chumas rochtain gnóthas a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht leis ar mhargadh ar leith a údarú nó a chosc, ar margadh é ar a ndéanann an comhlachas féin ghníomhaíocht eacnamaíoch, b'éigean scrúdú a dhéanamh ar chuspóir an iompair

sin, go háirithe ar a ábhar, ar na haidhmeanna a shaothraítear leis agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de é, i bhfianaise an chásdlí a bunaíodh i mbreithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE* (C-49/07, EU:C:2008:376), agus an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas* (C-1/12, EU:C:2013:127).

(2) *Maidir leis an iompar atá i gceist sa chás seo a aithint*

- 131 D'fhoill a rialú an bhfuil sé mar chuspóir ag cinneadh ó chomhlachas gnóthas lena dtugtar cumhachtaí rialaithe, maoirseachta agus chun smachtbhannaí a fhorchur lena gcuirtear ar a chumas rochtain gnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht leis ar mhargadh ar leith a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á déanamh air a údarú nó a chosc nó, ina éagmais sin, an éifeacht a bheadh aige an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, is ábhartha a chinneadh, ar an gcéad dul síos, an bhfuil an chumhacht sin teoranta le critéir shubstainteacha thrédhearcacha, shoiléire agus bheachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 84 go 86, 90, 91 agus 99), ionas nach féidir é a úsáid go treallach. Thairis sin, ní mór na critéir sin a bheith leagtha síos go soiléir i bhfoirm inrochtana, sula ndéantar aon chur chun feidhme ar an gcumhacht a bhfuil sé beartaithe leo teorainn a chur léi.
- 132 Féadfar a áireamh orthu sin, go háirithe, critéir lena gcuirtear chun cinn, ar bhealach iomchuí agus éifeachtach, comórtais spóirt atá bunaithe ar chomhdheiseanna agus ar fhiúntas.
- 133 Más amhlaidh atá, ní mór na critéir sin a bheith oiriúnach chun feidhmiú neamh-idirdhealaitheach cumhachta den sórt sin a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 99) agus, maidir leis na smachtbhannaí a fhéadfar a fhorchur, ní mór iad a bheith oibiachtúil agus comhréireach araon (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, míreanna 48 agus 55). Ionas gur féidir a mheas, go ginearálta, go bhfuil na critéir sin neamh-idirdhealaitheach, is gá nach gcuirfear eagrú agus margú comórtais tríú páirtí agus rannpháirtíocht lúthchleasaithe iontu faoi réir ceanglais atá difriúil uathu siúd a bhaineann le comórtais arna n-eagrú agus arna margú ag an eintiteas cinnteoireachta, nó atá comhionann nó cosúil leo ach dodhéanta nó ródheacair do chuideachta nach bhfuil an cháilíocht chomhlachais chéanna nó nach bhfuil na cumhachtaí céanna aici ná an t-eintiteas sin a chomhlíonadh go praiticiúil agus atá, mar sin, i gcás difriúil ón gceann sin. Go háirithe maidir leis na critéir lena rialaítear an chaoi a ndéantar cinneadh faoi smachtbhannaí a fhéadfar a fhorchur, ní mór dóibh, thairis sin, a ráthú go gcinnfear iad sin, i ngach cás nithiúil, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ag cur san áireamh, *inter alia*, cineál, fad agus tromchúis an tsáraithe a tugadh faoi deara.
- 134 Ar deireadh, ní mór do na critéir sin a bheith in ann a bheith faoi réir athbhreithniú éifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, mír 99).
- 135 Ina theannta sin, ní mór an chumhacht atá i gceist a bheith faoi réir rialacha nós imeachta thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail na rialacha sin a bhaineann le teorainneacha ama is infheidhme maidir le hiarratas ar réamhúdarú a chur isteach agus cinneadh a ghlacadh maidir leis an údarú sin, ar rialacha iad nach dócha go n-oibreoidh siad chun dochair do ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht lena chéile trí chosc a chur ar rochtain

éifeachtach ar an margadh dóibh (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2013, *Ordem dos Técnicos Oficiais de Contas*, C-1/12, EU:C:2013:127, míreanna 86 agus 92) agus, ar deireadh thiar, chun an táirgeadh a theorannú.

- 136 Ag féachaint don chásdlí dá dtagraítear sna cúig mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas, sa chás seo, ar an gcéad dul síos, nár éirigh leis an gCúirt Ghinearálta, murab ionann agus an méid a éilíonn ISU, le linn di scrúdú a dhéanamh ar ábhar na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, trí thagairt a dhéanamh don cheist ar ceapadh na rialacha sin ar bhealach a d'fhágfadh go bhféadfaí cumhachtaí an réamhúdaraíthe, an athbhreithnithe agus iad siúd maidir le smachtbhannaí – a thugtar don chomhlachas sin leo – a úsáid ar bhealach treallach, idirdhealaitheach nó díréireach, a sheachaint.
- 137 Go háirithe, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus scrúdú sonrach á dhéanamh aici ar a bhfuil sna rialacha sin, i míreanna 85 go 89 agus 118 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach raibh na rialacha sin infhíoraithe toisc go raibh údar leo i ngeall ar aon chuspóir sonrach agus nár chuir siad teorainn le cumas ISU chun comórtais beartaithe luas-scátála a eagrú agus a chur chun feidhme a fhéadfaidh eintitis nó gnóthais tríú páirtí a chur faoina bhráid ar bhonn critéir údarúcháin atá trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus, dá bhrí sin, in-athbhreithnithe, a údarú nó a dhiúltú, arb é an toradh a bhí air gurbh ghá a mheas go bhfuil cumhacht lánroghnach ag an gcomhlachas sin.
- 138 Maidir leis na measúnuithe sin, a raibh sé i gceist leo, mar is léir ó mhíreanna 83 agus 84 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, freagra a thabhairt ar argóintí a rinne ISU chun agóid a dhéanamh i gcoinne roinnt de na measúnuithe a rinne an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid, ní mór a lua freisin nach féidir iad a mheas, ina substaint, mar mheasúnuithe nua i ndáil leis an gcinneadh sin. In aithris 173 den chinneadh sin, rinne an Coimisiún tagairt ghinearálta don ghá lánrogha mar atá ag ISU a chur faoi réir oibleagáidí, teorainneacha agus athbhreithniú, sula ndúirt sé, go sonrach, in aithrisí 163 agus 185 den chinneadh sin, nárbh amhlaidh an cás anseo, in éagmais nasc idir an chumhacht sin agus cuspóirí sonracha infhíoraithe.
- 139 Ar an gcaoi chéanna, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí chinneadh, go bunúsach, i míreanna 91 go 95 agus 97 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach ndearnadh na smachtbhannaí a d'fhéadfadh ISU a fhorchur ar lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais luas-scátála nach raibh faoi réir údarú roimh ré ó ISU a theorannú le critéir lena bhféadfaí a gcineál oibiachtúil agus comhréireach a áirithiú, agus gur thoisc ábhartha a bhí iontu agus cinneadh á dhéanamh an raibh sé mar 'chuspóir' ag na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht srian a chur ar an iomaíocht ar an margadh lena mbaineann. Maidir leis na measúnuithe sin, a bhí beartaithe freisin freagra a thabhairt ar argóintí arna ndéanamh ag ISU mar thaca lena chaingean le haghaidh neamhniú, mar is léir ó mhíreanna 83, 90 agus 96 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ní féidir iad a mheas ach an oiread mar mheasúnuithe a bhaineann le saincheisteanna nua i gcomparáid leis na cinn a dtugtar aghaidh orthu in aithrisí 162, 163, 166 agus 186 den chinneadh atá faoi chonspóid.
- 140 Sa dara háit, agus tagairt á déanamh aici, sa chaoi dá dtagraítear, don chásdlí a luaitear i míreanna 125 go 128 den bhreithiúnas seo, chuir an Chúirt Ghinearálta a measúnuithe i ndáil leis sin i gcomhthéacs réasúnaíocht dhlíthiúil fhoriomlán arbh é an aidhm a bhí leis cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcásdlí socair a luaitear i míreanna 105 go 108 den bhreithiúnas sin agus mar is léir, go háirithe, ó mhíreanna 68, 76, 80 agus 120 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, cibé ar tháinig an Coimisiún ar an tátal ceart gur ceart na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a mheas, i bhfianaise a n-ábhar, na n-aidhmeanna a

shaothraítear leo agus an chomhthéacs eacnamaíoch agus dhlíthiúil ar cuid de iad, amhail go bhfuil sé mar ‘chuspóir’ ag na rialacha sin srian a chur ar an iomaíocht mar gheall ar an méid leordhóthanach díobhála a dhéantar di dá ndeasca.

- 141 Ní chuireann ISU in aghaidh fhiúntas na réasúnaíochta dlíthiúla sin ar an iomlán.
- 142 Ní dhéanann ISU, ach a áiteamh nach leor cuid de na gnéithe a cuireadh san áireamh i gcomhthéacs na réasúnaíochta sin, amhail cineál lánroghnach na cumhachta réamhúdarúcháin a thugtar dó leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, cineál díréireach na smachtbhannaí a cheadaítear, faoi na rialacha sin, a fhorchur ar lúthchleasaithe a ghlacann páirt i gcomórtais luas-scátála nó fiú gur thagair na rialacha sin, ar a laghad go dtí 2014, d’aidhm arb ionann agus cosaint leasanna eacnamaíocha ISU a áirithiú, ina n-aonar, chun údar a thabhairt le cinneadh na cúirte sin gur measadh, mar is ceart, go raibh mar chuspóir ag na rialacha sin srian a chur ar an iomaíocht. Mar sin féin, níl argóint den sórt sin de chineál a tharraingeodh amhras ar an gcinneadh sin, ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar mheasúnú foriomlán.
- 143 Ansin, cuireann ISU in iúl, go bunúsach, go gcuirtear an chonclúid sin ó bhail mar gheall ar earráid dlí sa mhéid go mbraitheann sé ar deireadh ar an bhféidearthacht nó ar an riosca, a bhaineann go dlúth le hinneachar agus scéim na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, go bhféadfar na rialacha sin a úsáid chun críoch frithiomaíoch – chun cosc a chur ar eintitis nó ar ghnóthais atá in ann dul in iomaíocht leis an gcomhlachas sin dul isteach sa mhargadh lena mbaineann, chun fabhar a léiriú le comórtais arna n-eagrú ag an gcomhlachas sin.
- 144 Mar sin féin, tá a leithéid de thuairim, amhail a leagtar amach i míreanna 95, 118 agus 119 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, comhsheasmhach le cásdlí na Cúirte Breithiúnais. Cé go leanann sé as an gcásdlí sin gur ceadmhach do chomhlachas spóirt amhail ISU rialacha a ghlacadh, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, trí bhíthin smachtbhannaí, maidir le heagrú agus seoladh comórtas idirnáisiúnta sa disciplín spóirt lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 2000, *Delière*, C-51/96 agus C-191/97, EU:C:2000:199, míreanna 67 agus 68; an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v an Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492, mír 44, agus an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi*, C-22/18, EU:C:2019:497, mír 60), ní cheadaítear dearcadh, leis na breithnithe sin, a léireodh rialacha, amhail na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, nach bhfuil faoi réir teorainneacha, oibleagáidí agus athbhreithniú iomchuí.
- 145 Os a choinne sin, ní mór féachaint ar rialacha den sórt sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 125 go 128 den bhreithiúnas seo, mar rialacha a bhfuil sé mar chuspóir acu iomaíocht a shrianadh. Tugtar an chumhacht leo don eintiteas a ghlac iad agus atá i dteideal iad a chur chun feidhme, a údarú, a mhaoirsiú agus coinníollacha rochtana ar an margadh a shocrú d’aon ghnóthas a d’fhéadfadh a bheith in iomaíocht, agus cinneadh a dhéanamh maidir le géire na hiomaíochta a d’fhéadfadh a bheith ar an margadh sin agus maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar aon iomaíocht den sórt sin a chur i gcrích.
- 146 Ar an mbonn sin, tá na rialacha sin ar chineál a cheadódh, mura n-eisiafar ón margadh aon ghnóthas iomaíoch, fiú amháin gnóthas atá chomh héifeachtach céanna, teorainn a chur, ar a laghad, le bunú agus margú comórtas malartach nó comórtas nua de réir a bhformáide nó a n-ábhar. Agus an méid sin á dhéanamh acu, tá siad chun aon deis a bhaint de lúthchleasaithe páirt a ghlacadh sna comórtais sin freisin, cé go bhféadfadh siad a bheith ina n-ábhar spéise dóibh, mar shampla mar gheall ar fhormáid nuálach, fad atá prionsabail, luachanna agus rialacha

uile atá mar bhonn leis an disciplín spóirt atá i gceist á n-urramú acu. I ndeireadh na dála, d'fhéadfaí an deis a cheilt ón lucht féachana freastal ar na comórtais sin nó féachaint ar chraolacháin díobh.

- 147 Ar deireadh, díospóideann ISU, go bunúsach, diúltú achomair nó easpa scrúdaithe na Cúirte Ginearálta ar a argóintí agus a fhianaise éagsúla maidir leis an intinn atá aige, a thug air na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a ghlacadh (mír 121 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid) agus maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtaí na rialacha sin ar an margadh ábhartha agus ar an margadh gaolmhar le haghaidh na scátála fíoraí (míreanna 115 go 117 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid). Mar sin féin, ní mór an argóint sin a dhiúltú i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 98, 99, 106 agus 107 den bhreithiúnas seo.
- 148 Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí ná ina saintréithriú dlíthiúil ar na fíorais agus cinneadh á dhéanamh aici go raibh cáiliú ceart déanta ag an gCoimisiún ar na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht mar iompar a raibh sé mar chuspóir aige iomaíocht a shrianadh, de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE. Ós rud é, mar a áitíonn ISU freisin, gur chuir an chúirt sin comhscrúdú i bhfeidhm, go háirithe i míreanna 101 go 104 agus 108 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ar an gceist ar leithligh an bhféadfaí na rialacha sin a mheas, mar sin féin – i bhfianaise an chásdlí a luaitear i mír 111 den bhreithiúnas seo – mar bheith lasmuigh de raon feidhme na forála sin, cé nach mbaineann an chásdlí sin le hábhar i gcás iompair arb é atá mar chuspóir aige srian a chur ar an iomaíocht, mar is léir ó mhíreanna 113 agus 114 den bhreithiúnas sin, ní bhaineann sé, pé scéal é, le fiúntas na réasúnaíochta a leagtar amach i mír 140 den bhreithiúnas sin.
- 149 Dá réir sin, ní mór diúltú don chéad fhoras achomhairc.

B. An dara foras achomhairc

1. Argóintí na bpáirtithe

- 150 Leis an dara foras achomhairc atá aige, déanann ISU gearán gur bhain an Chúirt Ghinearálta míthuiscint as an gceathrú saincheist lena n-éilítear neamhniú agus nár scrúdaigh sí i gceart é, chomh maith le hamhlaidh a dhéanamh leis an bhfianaise a cuireadh isteach mar thaca leis, rud a bhí mar mhainneachtain ina feidhm faoi Airteagal 263 CFAE.
- 151 I ndáil leis sin, luaitear ann, ar an gcéad dul síos, go raibh cuspóir beacht agus teoranta ag an saincheist sin le haghaidh neamhniú, eadhon, a áiteamh nár tháinig a dhiúltú údarú a thabhairt don chomórtas idirnáisiúnta a beartaíodh a reáchtáil in Dubai – arna chur faoina bhráid ag eagraí tríú páirtí – faoi raon feidhme Airteagal 101(1) CFAE, ós rud é gur saothraíodh cuspóir dlisteanach maidir leis an toirmeasc ar ghealltóireacht arna leagan amach ina chód eitice a fhorfheidhmiú leis an diúltú sin agus nach bhféadfaí a mheas go raibh sé de rún leis an diúltú sin iomaitheoir féideartha a eisiamh ón margadh luas-scátála oighir, mar a chinn an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid.
- 152 Ar an dara dul síos, áitíonn ISU gur athraigh an Chúirt Ghinearálta raon feidhme an fhorais achomhairc sin trína chinneadh, i mír 99 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur bhain sé leis an gceist ghinearálta an raibh údar leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht de bhun cuspóir arb é a bhí ann ná sláine na ndisciplíní spóirt a chumhdaíonn ISU a chosaint.

- 153 Ar an tríú dul síos, déanann ISU gearán gur ghlac an Chúirt Ghinearálta, ag an am céanna, i mír 102 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh sé i dteideal rialacha a ceapadh chun cosc a chur ar shaobhadh comórtais scátála idirnáisiúnta trí ghealltóireacht a leagan síos agus dhiúltaigh sí, i mír 127 den bhreithiúnas sin, rialú a thabhairt ar an dlíthiúlacht, i bhfianaise Airteagal 101(1) CFAE, a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha sin ar an gcomórtas idirnáisiúnta arna bheartú a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar an bhforas nach raibh an t-iarratas sin cáilithe mar shárú ag an gCoimisiún, ach nár luadh é sin ach chun a léiriú conas a d'fhéadfaí na rialacha sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Is léir ó na haithrisí agus ón gcuid oibríochtúil den chinneadh sin go ndearnadh cur i bhfeidhm na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht don gcomórtas beartaithe atá i gceist a cháiliú mar shárú ar Airteagal 101(1) CFAE, ar an mbealach céanna lena nglacadh, agus gur ghlac an Coimisiún an cáiliú dlíthiúil sin tar éis scrúdú a bhain go príomha, mura raibh sé eisiach, le diúltú ISU an comórtas beartaithe sin a údarú. Sna himthosca sin, ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar na hargóintí agus ar an bhfianaise go léir a chuir ISU faoina bráid chun agóid a dhéanamh i gcoinne cáiliú den sórt sin agus chun a dhearbhu go raibh údar lena iompar, rud a mhainnigh an chúirt sin a dhéanamh mar sin féin.
- 154 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Tuitert, ó Kerstholt agus ó EU Athletes, gach ceann de na hargóintí sin a dhíospóid.

2. Measúnú na Cúirte

- 155 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, fiú má bhain an Chúirt Ghinearálta míthuiscint as raon feidhme an cheathrú saincheist a d'ardaigh ISU lena n-éilítear neamhniú, trína chinneadh go mícheart gur tugadh an cheist ghinearálta os a comhair i dtaobh an raibh cuspóir dlisteanach leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht agus nach raibh údar maith leis na rialacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha sin a chur i bhfeidhm ar an luas idirnáisiúnta atá beartaithe mar gheall ar an gcuspóir dlisteanach sin, tá an foras achomhairc atá ann faoi láthair neamhéifeachtach i gcás ar bith.
- 156 Mar is léir ó na hargóintí roimhe seo sa bhreithiúnas seo, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta fiúntas mheasúnú an Choimisiúin a dheimhniú, eadhon, gurbh chuspóir do na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht – a mheastar as a stuaim féin agus dá bhrí sin go neamhspleách ar a gcur i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás – an iomaíocht a shrianadh. Thairis sin, ní bhaineann sé le hábhar sa chomhthéacs sin aon chuspóir dlisteanach a bheith ann, fiú má suíodh é, mar is léir ó mhíreanna 107, 113 agus 114 den bhreithiúnas seo.
- 157 Dá bhrí sin, ós rud é gur diúltaíodh don dá fhoras achomhairc, ní mór an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine.

IV. An crosachomharc

- 158 Chun tacú lena gcrosachomharc, braitheann Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes ar dhá fhoras achomhairc ina líomhnaítear, go bunúsach, earráidí dlí i léiriú agus i gcur i bhfeidhm Airteagal 101 CFAE sa chás seo.

A. An chéad fhoras achomhairc

1. *Argóintí na bpáirtithe*

- 159 Mar gheall ar a gcéad fhoras achomhairc, ina bhfuil dhá chuid de ann, maíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes, le tacaíocht ón gCoimisiún, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí agus cinneadh á dhéanamh aici nach bhféadfaí a mheas go dtreisítear an sárú ar Airteagal 101(1) CFAE, dá dtagraítear in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid leis na rialacha eadrána arna mbunú ag ISU.
- 160 Leis an gcéad chuid den fhoras achomhairc sin, áitíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes go bhfuil cinneadh na Cúirte Ginearálta go bhféadfadh údar a bheith leis na rialacha eadrána mar gheall ar leas dlisteanach a bhaineann le cineál sonrach an spóirt curtha ó bhail ag earráidí dlí.
- 161 Maidir leis sin, áitíonn siad, ar an gcéad dul síos, go leanann sé ó na rialacha sin go gceanglaítear ar lúthchleasaithe atá faoi réir cinneadh neamh-incháilitheachta arna ghlacadh ag ISU a ndíospóid leis an gcomhlachas sin a thabhairt os comhair CES amháin. Luaitear iontu freisin go gceanglaítear ar na lúthchleasaithe sin glacadh leis na rialacha go léir arna nglacadh ag ISU, lena n-áirítear na rialacha sin lena mbunaítear sásra den sórt sin um réiteach díospóidí, chun go n-údarófar dóibh páirt a ghlacadh i gcomórtais idirnáisiúnta scátála oighir arna n-eagrú ag an gcomhlachas sin nó ag na comhlachais scátála náisiúnta ar comhaltaí den chomhlachas sin iad.
- 162 Sa dara háit, tugann siad dá n-aire gur údarás eadrána atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach é CES, a bhfuil a chomhaltaí ceaptha ag comhlachais idirnáisiúnta spóirt amhail ISU nó, i gcleachtas, faoi réir thionchar cinntitheach na gcomhlachas sin, agus go bhféadfadh breitheanna arna dtabhairt ag an údarás sin a bheith ina n-ábhar achomhairc eisiach os comhair an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme, an Eilvéis), a bhfuil a athbhreithniú teoranta d'fhíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais phoiblí de réir an bhrí arna shainiú ag an gcúirt sin, lena n-eisiatar rialacha iomaíochta an Aontais.
- 163 Deir siad freisin, cé go bhfuil ról teoiriciúil ag cúirteanna náisiúnta an Aontais Eorpaigh i bhforfheidhmiú na mbreitheanna sin, go bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach a fhéadfaidh siad a fheidhmiú i gcomhthéacs den sórt sin, ar an gcéad dul síos, ilroinnte agus dá bhrí sin costasach (a mhéid is nach mór do lúthchleasaí agóid a dhéanamh i gcoinne fhorfheidhmiú an bhreithe a bhaineann leis i ngach uile ceann de na Ballstáit ina bhfuil sé ar intinn aige a bheith rannpháirteach i gcomórtas), ar an dara dul síos, fadálach agus fiú neamhéifeachtach (a mhéid a dhéantar an cinneadh breithiúnach a lorg de ghnáth tar éis an chomórtais sin agus go bhfuil toirmeasc ar an lúthchleasaí bearta cosanta eatramhacha a lorg san idirlinn), ar an tríú dul síos, teoranta nó imeallach fiú (a mhéid nach féidir a mheas go bhfuil breith i gcontrárthacht le beartas poiblí an Aontais ach amháin i gcás sárú a dhéantar gan náire, atá éifeachtach agus atá nithiúil, ar na rialacha iomaíochta) agus, ar an gceathrú dul síos agus i gcás ar bith, go bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach sin gan aon raon feidhme iarbhír (a mhéid atá sé de chumhacht ag ISU é féin breith a bhaineann le lúthchleasaí ar leith a fhorghníomhú nó a chur ar a chomhaltaí í a athbhreithniú, trí thoirmeasc a chur ar an lúthchleasaí sin a bheith rannpháirteach i gcomórtais idirnáisiúnta arna n-eagrú ag ISU).
- 164 Sa tríú háit agus ar deireadh ar fad, áitíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh i mír 156 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid go bhféadfadh údar cuí a bheith leis an sásra arna bhunú leis na rialacha eadrána 'de bharr leas dlisteanach a bhaineann le cineál sonrach an spóirt'.

- 165 Dar leo, bhí an chúirt sin ag brath, go bunúsach, ar bhealach iomlán agus teibí ar chineál sonrach an spóirt i gcoitinne, cé go bhfuil feidhm ag na rialacha atá i gceist sa chás seo i gcomhthéacs sonrach fheidhmiú na luas-scátála oighir mar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Mar sin féin, ní féidir údar cuí a thabhairt le dul ar iontaoibh an eadrána – atá éigeantach agus eisiach – ar an mbealach céanna sa dá chás. Ina theannta sin, tá níos mó fadhbanna ag baint le réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta ós rud é, murab ionann agus cúirteanna náisiúnta nó cúirteanna an Aontais, nach bhfuil údarás eadrána lasmuigh de chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh, amhail CES, faoi oibleagáid a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha iomaíochta an Aontais; rialacha a léiríonn CES agus a chuireann sé i bhfeidhm, ina theannta sin, ar bhealach a bhfuil droch-cháil air a bheith mícheart.
- 166 Áitíonn an Coimisiún – a thacaíonn leis na hargóintí sin go léir – ar bhonn níos ginearálta, go dtugann réasúnú na Cúirte Ginearálta neamhaird ar na socrúithe sonracha maidir leis an sásra eadrána a bhunaigh ISU. Go háirithe, murab ionann agus sásra eadrána conarthach a chomhaontaítear faoi shaoirse idir na páirtithe, déantar na rialacha eadrána arna mbunú ag ISU a fhorchur, i ngníomh, ar lúthchleasaithe go haontaobhach, ar bhonn eisiach agus i bpian toirmeasc ar rannpháirtíocht i gcomórtais arna n-eagrú ag ISU, toirmeasc arb ionann ar deireadh agus dodhéantacht do na daoine lena mbaineann a ngairm a chleachtadh ar deireadh.
- 167 Leis an dara cuid dá bhforas achomhairc, maíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus cinneadh á dhéanamh, go bunúsach, i mír 157 go mír 164 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach raibh na rialacha eadrána in ann an bonn a bhaint d'éifeachtacht rialacha iomaíochta an Aontais ná é a dhéanamh níos deacra ar lúthchleasaithe a ndearna cinntí neamh-incháilithe arna nglacadh ar fhorais fhrithiomaíocha difear dóibh a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fheidhmiú, agus mar thoradh air sin nach bhféadfaí a mheas go dtreisítear leis na rialacha sin an sárú tromchúiseach a aithnítear in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid.
- 168 I ndáil leis sin, sa chéad áit, tugann siad le fios gur údarás eadrána atá lasmuigh de dhlíchóras an Aontais é CES, sula gcuirtear leis go bhfuil fíor-neamhspleáchas agus neamhchlaontacht CES *vis-à-vis* comhlachais idirnáisiúnta spóirt amhail ISU in amhras. Luaitear iontu freisin nach féidir le cinntí CES ach a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach imeallach, gan aon bhreithniú ar rialacha iomaíochta an Aontais a chur san áireamh ar aon bhealach, os comhair cúirt nach bhfuil i dteideal, ina theannta sin, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a fháil. Thairis sin, athdhearbhaíonn siad go bhfuil rialacha eadrána á bhforchur go haontaobhach ar lúthchleasaithe.
- 169 I bhfianaise na ngnéithe sin, measann siad gur cheart don Chúirt Ghinearálta breathnú ar na rialacha sin mar rialacha lena bhféadfaí comhlíonadh éifeachtach Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i mbaol agus é a dhéanamh níos deacra do lúthchleasaithe a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fheidhmiú, rud a neartódh, ar an mbonn sin, sárú tromchúiseach Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid.
- 170 Ar an dara dul síos, cáineann Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes an Chúirt Ghinearálta toisc nár leag sí mórán béime ar an éifeacht a bheadh ag na rialacha sin ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach atá ag lúthchleasaithe, trí thagairt a dhéanamh don fhéidearthacht atá acu caingne i leith damáistí a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla i gcás inar gabhadh iad le cinneadh neamh-incháilitheachta a glacadh ar fhorais fhrithiomaíocha. Cé go bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin rannchuidiú le cosaint bhreithiúnach *ex post* a áirithiú do dhaoine aonair a ndearna sárú ar na rialacha iomaíochta díobháil dóibh agus le héifeachtacht

na rialacha sin a neartú (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2001, *Courage agus Crehan*, C-453/99, EU:C:2001:465, agus an 14 Márta 2019, *Skanska Industrial Solutions agus páirtithe eile*, C-724/17, EU:C:2019:204), ní féidir an easpa leigheas dlí, a chuirfeadh ar a gcumas leigheas éifeachtach *ex ante* a fháil, a réiteach leis na rialacha sin.

- 171 Ina theannta sin, sa chás seo, is léir, dar leo, gurb é atá i gceist leis an leigheas sin go príomha – do scátálaí atá faoi réir cinneadh neamh-incháilitheachta a glacadh ar fhorais fhrithiomaíocha – ná an cinneadh sin a bheith curtha ar neamhní in am trátha chomh maith leis an bhféidearthacht chomhfhreagrach a ghníomhaíocht ghairmiúil a atosú, agus ní hamháin go ndéanfaí damáistí dó roinnt blianta tar éis sin chun an toirmeasc neamhdhleathach ar dhéanamh na gníomhaíochta sin agus ar chailliúint gairme agus ioncaim chomhfhreagraigh a chúiteamh. Is amhlaidh atá ó tharla go gcuirtear toirmeasc le Rialacha Nós Imeachta CES ar iarratasóirí bearta cosanta a lorg agus tá roinnt cúirteanna náisiúnta tar éis éilimh ar chúiteamh a dhiúltú cheana féin ar an bhforas gur ghá iad a mheas mar chinn a thagann faoin dlínse eisiach a thugtar don údarás sin de bhua na rialacha eadrána.
- 172 Sa tríú háit agus ar deireadh, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid chomhchosúil réasúnaíochta maidir lena chinneadh go bhfuil an fhéidearthacht atá ar fáil do lúthchleasaithe – a chumhdaítear le cinneadh neamh-incháilitheachta a glacadh ar fhorais fhrithiomaíocha – gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta ('ÚIN'), sásúil. Leanann sé as cásdlí socair go bhfuil rogha fairsing acu agus iad ag déileáil le gearáin a thagann faoina mbráid agus nach féidir, dá bhrí sin, a cheangal orthu gníomhú ina leith trí na fíorais a ndéantar gearán ina leith a cháiliú i bhfianaise na rialacha iomaíochta (breithiúnais an 18 Deireadh Fómhair 1979, *GEMA v an Coimisiún*, 125/78, EU:C:1979:237, agus an 19 Meán Fómhair 2013, *EFIM v an Coimisiún*, C-56/12 P, EU:C:2013:575).
- 173 Tacaíonn an Coimisiún leis na hargóintí sin go léir agus cuireann sé in iúl go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i mír 148 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, earráid fhollasach ina dtuiscint ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, agus cinneadh á dhéanamh aici gurbh é a bhí sa réasúnaíocht sa chinneadh sin ná na rialacha eadrána a cháiliú mar 'imthoisc ghéaraitheach' de réir bhrí na habairte sin i gcomhthéacs chinneadh na bhfíneálacha a d'fhéadfaí a fhorchur i gcás sárú ar Airteagail 101 agus 102 CFAE. D'ainneoin nár forchuireadh aon fhíneáil ar ISU sa chás seo, áitíonn an Coimisiún, ina scrúdú ar an tsubstaint, gur chuir sé teorainn lena chinneadh trí gan a dhearbhuí ach gur threisigh na rialacha sin an srian ar an iomaíocht trí chuspóir a d'eascair as na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, trí threisiú a dhéanamh ar an bhféidearthacht – a thugtar don chomhlachas leis na rialacha sin – eisiach a dhéanamh ar gach ábhar iomaíochta éifeachtaí ar an margadh chun comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú.
- 174 Mar fhreagairt air sin, áitíonn ISU – a dhéileálann leis an dá chuid den fhoras achomhairc le chéile – ar an gcéad dul síos, nach bhfuil sé éifeachtach. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 132 agus 137 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ní raibh an Coimisiún ach ag léiriú tuairime maidir leis na rialacha eadrána sa chinneadh atá faoi chonspóid ar mhaithe le hiomláine.
- 175 Sa dara háit, áitíonn ISU, mar mhalairt air sin, nach mór an foras achomhairc a dhiúltú toisc é a bheith neamh-inghlactha a mhéid a athraítear ábhar na díospóide os comhair na Cúirte Ghinearálta leis. Níor bhain an díospóid sin ná an cinneadh atá faoi chonspóid leis an dlisteanacht a bhaineann le hinniúlacht eisiach a thabhairt do CES. Ar a laghad, ba cheart go ndiúltófaí do chuid de na hargóintí a chuirtear chun cinn mar thaca leis an argóint sin, toisc go bhfuil siad nua (amhail na cinn a bhaineann leis an idirdhealú atá le déanamh idir gnéithe eacnamaíocha agus

neamheacnamaíocha an spóirt, neamhspleáchas CES nó fiú na modhanna athbhreithnithe ar bhreitheanna CES ag an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme), nó toisc nach ndéantar leo ach na gnéithe atá sa chinneadh atá faoi chonspóid nó sna saincheisteanna ón gcéadchéim a athrá gan a mhíniú conas a rinne an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí nó na fíorais a shaobhadh sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid (amhail na cinn a bhaineann leis neamhdhóthanacht, leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, an fhéidearthacht atá ag lúthchleasaithe caingne le haghaidh damáistí a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó gearáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó ÚINanna).

- 176 Sa tríú háit agus ar deireadh, áitíonn ISU go bhfuil an foras achomhairc, i gcás ar bith, gan bhunús. D'admhaigh an Coimisiún, sa chinneadh atá faoi chonspóid, agus an Chúirt Ghinearálta, sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur sásra um réiteach díospóidí a bhfuil glactha go ginearálta leis a bhí i gceist le dul ar iontaoibh sásra eadrána éigeantach agus eisiach agus go bhféadfadh údar a bheith leis, sa chás seo, i bhfianaise an ghá atá ann a áirithiú go gcuirfear na rialacha arna mbunú ag ISU i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go héifeachtach maidir le gach lúthchleasaí a chleachtann scátáil oighir.

2. Measúnú na Cúirte

(a) Inghlacthacht agus éifeachtacht an fhorais achomhairc

- 177 Tá achomharcóir i dteideal achomharc a dhéanamh trí dul ar iontaoibh na bhforas a eascraíonn as an mbreithiúnas atá faoi chonspóid agus trí bhunús dlí an bhreithiúnais sin a cháineadh (breithiúnais an 29 Samhain 2007, *Stadtwerke Schwäbisch Hall agus páirtithe eile v an Coimisiún*, C-176/06 P, EU:C:2007:730, mír 17, agus an 25 Eanáir 2022, *an Coimisiún v European Food agus páirtithe eile*, C-638/19 P, EU:C:2022:50, mír 77).
- 178 Sa chás seo, iarrann na tras-iarratasóirí, trína gcéad fhoras achomhairc, amhras a chaitheamh ar bhunús dlí na bhforas ar ar chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 154 agus 156 go 164 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh an Coimisiún tar éis a earráidí dlí a dhéanamh trína chinneadh gur threisigh na rialacha eadrána an srian ar an iomaíocht trí 'chuspóir', a cruthaíodh leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.
- 179 Ina theannta sin, is iad forais an bhreithiúnais atá faoi chonspóid dá dtagraítear sa chéad fhoras den chrosachomharc na forais a thug ar an gCúirt Ghinearálta seasamh leis an séú saincheist agus, i bpáirt, leis an seachtú saincheist arna hardú ag an gcéad chéim. Dá bhrí sin, is ionann na forais sin, mar is léir ó mhíreanna 171 go 174 agus 180 den bhreithiúnas sin, agus tacaíocht do chuid oibríochtúil an bhreithiúnais sin a mhéid a chuir sé Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach, a mhéid a bhaineann an t-Airteagal sin leis na rialacha eadrána. Dá bhrí sin, agus murab ionann agus an méid a mhaíonn ISU, níl an foras achomhairc sin neamhéifeachtach.
- 180 É sin ráite, tá dlínse na Cúirte Breithiúnais ar achomharc teoranta do mheasúnú a dhéanamh ar an réiteach dlí arna thabhairt ar na saincheisteanna a maíodh os comhair na Cúirte Ghinearálta, agus mar thoradh air sin ní féidir leis an gCúirt rialú sa chomhthéacs sin ar shaincheisteanna dlí ná ar argóintí nár cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ghinearálta (féach, chuige sin, breithiúnais an 30 Márta 2000, *VBA v VGB agus páirtithe eile*, C-266/97 P, EU:C:2000:171, mír 79, agus an 25 Eanáir 2022, *an Coimisiún v European Food agus páirtithe eile*, C-638/19 P, EU:C:2022:50, mír 80).

- 181 Sa chás seo, áitíonn ISU go cruinn nach cuid de na hargóintí a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Ghinearálta iad na hargóintí sin a áitíonn na crosachomharcóirí ar na hiarmhairtí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar easpa neamhspleáchais fhéideartha CES, ná, thairis sin, iad sin ar thug an Coimisiún rialú ina leith sa chinneadh atá faoi chonspóid.
- 182 Dá réir sin, ní mór na hargóintí sin a dhiúltú toisc iad a bheith do-ghlactha.
- 183 Ar an taobh eile, tá na hargóintí eile a bhfuil a n-inghlacthacht á ndíospóid ag ISU inghlactha. Baineann siad ar fad leis na haithrisí sa chinneadh atá faoi chonspóid a ndearna na páirtithe agóid ina leith ag an gcéad chéim, agus déanann na crosachomharcóirí agus an Coimisiún gearán leo gur theip ar an gCúirt Ghinearálta iad a chur san áireamh i gceart nuair a rialaigh sí ar shaincheist an chomhlachais sin maidir le rialacha eadrána.

(b) *Substant an cháis*

- 184 Sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú, in aithrisí 268 go 286 den chinneadh atá faoi chonspóid, agus go háirithe in aithrisí 269 go 271, 277 agus 281 go 283 de, gur mheas an Coimisiún, cé nach ionann na rialacha eadrána iontu féin agus sárú ar Airteagal 101(1) CFAE, mar sin féin, i bhfianaise a n-ábhar, na gcoinníollacha maidir lena gcur chun feidhme agus a raon feidhme, a gcomhthéacs dhlíthiúil agus eacnamaíoch, gur treisiú ar an sárú a mheas an Coimisiún a bheith ann roimhe sin a bhí i gceist leo. Go sonrach, chinn an Coimisiún sna haithrisí sin, go bunúsach, trí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh níos deacra – i bhfianaise dhlí iomaíochta an Aontais – ar chinntí eadrána lena rialaítear rialacha CES maidir le bailíocht cinntí arna nglacadh ag ISU faoi na cumhachtaí lánroghnacha a bhronntar air leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, treisíodh an sárú ar dhlí an Aontais atá ina ghné dhílis de na cumhachtaí sin leis na rialacha eadrána. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh athbhreithniú breithiúnach de chúram ar chúirt atá bunaithe i dtríú Stát, is é sin le rá, lasmuigh den Aontas Eorpach agus a dhlíchóras, agus, de réir chásdlí na cúirte sin, nach bhféadfaí na cinntí sin a athbhreithniú i bhfianaise rialacha iomaíochta an Aontais. Agus an méid sin á dhéanamh aige, níor ghearán an Coimisiún ar deireadh nach raibh ann don údarás eadrána, ná níor cháin sé eagrú ná feidhmiú an údarais sin – CES – ach do cháin sé an díolúine ó dhlínse atá ag ISU, faoi dhlí iomaíochta an Aontais, i bhfeidhmiú a chumhachtaí cinnteoireachta agus smachtbhannaí, chun dochair daoine a gcuireann easpa maoirseachta ar na cumhachtaí sin, agus a gcineál lánroghnach ar a gcumas difear a dhéanamh do na daoine sin.
- 185 Sa dara háit, thug an Chúirt Ghinearálta ceithre fhoras lena chinneadh gur cuireadh réasúnaíocht an Choimisiúin ó bhail mar gheall ar earráidí dlí. Ar an gcéad dul síos, thug an chúirt sin dá haire nár chaith an Coimisiún amhras ar an bhféidearthacht dul i muinín eadrána chun díospóidí áirithe a réiteach ná nár mheas sé gur chuir tabhairt i gcrích clásail eadrána ann féin srian ar an iomaíocht (mír 154 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid). Ar an dara dul síos, luaigh sé nár chinn an Coimisiún ach oiread gur sháraigh na rialacha eadrána an ceart chun éisteacht chóir a fháil iontu féin (mír 155 den bhreithiúnas sin). Sa tríú háit, mheas sí, trí dhlínse éigeantach agus eisiach a thabhairt do CES chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí arna nglacadh ag ISU faoina chumhachtaí maidir le réamhúdarú agus smachtbhannaí, go bhféadfadh údar a bheith leis na rialacha eadrána ar mhaithe leis na leasanna dlisteanacha a bhaineann le cineál sonrach an spóirt, arb é atá i gceist leo cúirt aonair speisialaithe a cheadú chun rialú go tapa, go heacnamaíoch agus go haonfhoirmeach ar an iliomad díospóidí, a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo go minic, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ghníomhaíocht spóirt ghairmiúil ar ardleibhéil a fheidhmiú (mír 156 den bhreithiúnas sin). Sa cheathrú háit, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl go bhféadfadh lúthchleasaithe agus eintitis nó gnóthais a bhfuil sé ar intinn acu comórtais

idirnáisiúnta luas-scátála oighir atá in iomaíocht leo siúd atá arna n-eagrú ag ISU caingne a thabhairt le haghaidh damáistí os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ach go bhféadfadh siad agóid a dhéanamh os comhair an Choimisiúin agus ÚINanna freisin maidir le sárú ar na rialacha iomaíochta (míreanna 157 go 161 den bhreithiúnas sin).

- 186 Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis an gcéad dá cheann de na forais sin – nach bhfuil faoi dhíospóid os comhair na Cúirte Breithiúnais – a bheith mar bhonn don chinneadh atá faoi chonspóid arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta a chur ar neamhní go páirteach, ós rud é nach mbaineann siad leis na measúnuithe a thug ar an gCoimisiún na rialacha eadrána a thabhairt faoi cheist agus, dá bhrí sin, nach de chineál iad lena gcuirfí tuillteanais na measúnuithe sin faoi cheist.
- 187 Ar an taobh eile, tá an ceart ag na crosachomharcóirí agus ag an gCoimisiún a éileamh gur earráidí dlí an tríú agus an ceathrú ceann de na forais sin.
- 188 Ar an gcéad dul síos, sa mheasúnú ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach go bhféadfadh údar a bheith le rialacha eadrána ar mhaithe leis na leasanna dlisteanacha a bhaineann le cineál sonrach an spóirt – sa mhéid is go mbronntar dlínse éigeantach agus eisiach do CES athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí a fhéadfaidh ISU a ghlacadh faoina chumhachtaí maidir le réamhúdarú agus smachtbhannaí – tugtar neamhaird, mar a áitíonn na crosachomharcóirí agus an Coimisiún go bunúsach, ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh chun sásra eadrána amhail an sásra atá i gceist sa chás seo a mheas, ar thaobh amháin, mar chomhlíonadh éifeachtach ar fhorálacha an bheartais phoiblí atá i ndlí an Aontais agus, ar an taobh eile, mar bheith comhoiriúnach leis na prionsabail lena ndéantar struchtúr breithiúnach an Aontais Eorpaigh a struchtúrú.
- 189 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, mar atá ina chomhdhearcadh ag na páirtithe agus mar a luaitear i míreanna 156, 159 agus 160 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go mbaineann na rialacha eadrána arna bhforchur ag ISU, go háirithe, le dhá chineál díospóide a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs gníomhaíochtaí eacnamaíocha arb é atá iontu, ar an gcéad dul síos, comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú agus ar an dara dul síos, rannpháirtíocht, ag lúthchleasaí gairmiúil, i gcomórtais den sórt sin. Dá bhrí sin, tá feidhm ag na rialacha sin maidir le díospóidí a bhaineann le spórt a fheidhmiú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus, dá réir sin, tagann siad faoi raon feidhme dhlí iomaíochta an Aontais. Dá réir sin, ní mór do na rialacha sin é sin a chomhlíonadh, ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 91 go 96 den bhreithiúnas seo, a mhéid a chuirtear chun feidhme iad sa chríoch a bhfuil feidhm ag Conarthaí an Aontais agus CFAE, beag beann ar an áit a bhfuil na heintitis a ghlac iad bunaithe (breithiúnais an 25 Samhain 1971, *Béguelin Import*, 22/71, EU:C:1971:113, mír 11; an 27 Meán Fómhair 1988, *Ahlström Osakeyhtiö agus páirtithe eile v an Coimisiún*, 89/85, 104/85, 114/85, 116/85, 117/85 agus 125/85 go 129/85, EU:C:1988:447, mír 16, agus an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel v an Coimisiún*, C-413/14 P, EU:C:2017:632, míreanna 43 go 45).
- 190 Dá bhrí sin, is é cur chun feidhme na rialacha sin amháin i gcomhthéacs díospóidí den sórt sin agus i gcríoch an Aontais Eorpaigh atá i gceist sa chás seo agus ní cur chun feidhme na rialacha sin i gcríoch seachas críoch an Aontais Eorpaigh, a gcur chun feidhme i gcomhthéacs cineálacha eile díospóidí, amhail díospóidí a bhaineann leis an spórt amháin agus, dá bhrí sin, nach gcumhdaítear faoi dhlí an Aontais nó, *a fortiori*, rialacha eadrána a chur chun feidhme i réimsí éagsúla.
- 191 Thairis sin, mar is léir ó mhíreanna 181 agus 184 den bhreithiúnas seo, níl na rialacha sin i gceist sa chás seo a mhéid a gcuirtear an t-athbhreithniú ag an gcéad chéim, ar na breitheanna a thug ISU chuig an údarás eadrána, CES, ach tá siad i gceist a mhéid a chuirtear an t-athbhreithniú ar chinntí

eadrána arna n-eisiúint ag CES agus an t-athbhreithniú deiridh ar chinntí ISU faoi bhráid an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme) leis na rialacha sin, is é sin le rá, faoi bhráid cúirt tríú Stát.

- 192 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt arís agus arís eile gur forálacha iad Airteagail 101 agus 102 CFAE a bhfuil éifeacht dhíreach ag baint leo as a n-eascaíonn cearta do dhaoine aonair, ar forálacha iad nach mór do na cúirteanna náisiúnta a choimirciú (breithiúnais an 30 Eanáir 1974, *BRT agus Société belge des auteurs, compositeurs et éditeurs*, 127/73, EU:C:1974:6, mír 16, agus an 14 Márta 2019, *Skanska Industrial Solutions agus páirtithe eile*, C-724/17, EU:C:2019:204, mír 24), agus atá mar chuid de bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, míreanna 36 agus 39).
- 193 Is ar an gcúis sin – cé go dtugtar faoi deara go bhfuil an bhféidearthacht ag duine aonair comhaontú a dhéanamh lena gcuirtear na díospóidí uile a bhaineann leis an gcomhaontú sin, nó cuid díobh, faoi bhráid údarás eadrána, i dtéarmaí soiléire beachta, in ionad na cúirte náisiúnta a mbeadh dlínse aici rialú ar na díospóidí sin faoi rialacha infheidhme an dlí náisiúnta, agus go bhféadfadh na ceanglais a bhaineann le héifeachtacht na n-imeachtaí eadrána a bheith ina n-údar le teorainn a bheith curtha la hathbhreithniú breithiúnach ar chinntí eadrána (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 35, agus an 26 Deireadh Fómhair 2006, *Mostaza Claro*, C-168/05, EU:C:2006:675, mír 34) – a mheabhraigh an Chúirt d’ainneoin sin nach mór d’athbhreithniú breithiúnach den sórt sin a bheith in ann, in aon chás, a bheith bainteach leis an gceist an gcomhlíontar forálacha bunúsacha bheartas poiblí an Aontais leis na cinntí sin, ar cuid díobh Airteagail 101 agus 102 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 37). Tá feidhm ag an gceanglas céanna *a fortiori* i gcás nach mór a mheas go bhfuil sásra eadrána den sórt sin forchurtha, sa chleachtas, ag duine a rialaítear leis an dlí príobháideach, amhail comhlachas idirnáisiúnta spóirt, ar dhuine eile, amhail lúthchleasaí.
- 194 Go bunúsach, in éagmais athbhreithniú breithiúnach den sórt sin, d’fhéadfadh dul ar iontaoibh sásra eadrána an bonn a bhaint de chosaint na gceart atá ag daoine aonair arna n-eascairt as éifeacht dhíreach dhlí an Aontais agus ó Airteagail 101 agus 102 CFAE a bheith á gcomhlíonadh go héifeachtach, a chaithfear a áirithiú – agus dá bhrí sin, bheadh siad áirithe in éagmais sásra den sórt sin – leis na rialacha náisiúnta maidir le leigheasanna.
- 195 Tá feidhm ag comhlíonadh an cheanglais sin maidir le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach go háirithe maidir le rialacha eadrána amhail na rialacha sin arna bhforchur ag ISU.
- 196 Chinn an Chúirt cheana féin, cé go bhfuil neamhspleáchas dlíthiúil ag comhlachais spóirt lena gcuirtear ar a gcumas rialacha a ghlacadh a bhaineann, *inter alia*, le heagrú comórtas, lena bhfeidhmiú cuí agus le rannpháirtíocht lucht spóirt iontu (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 2000, *Deliège*, C-51/96 agus C-191/97, EU:C:2000:199, míreanna 67 agus 68, agus an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi*, C-22/18, EU:C:2019:497, mír 60), ní féidir leis na comhlachais spóirt sin, agus an méid sin á dhéanamh acu, teorainn a chur le feidhmiú na gceart agus na saoirsí a bhronntar ar dhaoine aonair le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Nollaig 1995, *Bosman*, C-415/93, EU:C:1995:463, míreanna 81 agus 83, agus an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi*, C-22/18, EU:C:2019:497, mír 52), lena n-áirítear na cearta arna n-eascairt as Airteagail 101 agus 102 CFAE.

- 197 Ar an gcúis sin, ní mór athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a bheith ag gabháil le rialacha amhail na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, mar is léir ó mhíreanna 127 agus 134 den bhreithiúnas seo.
- 198 Tugtar le tuiscint leis an gceanglas sin maidir le hathbhreithniú breithiúnach éifeachtach, i gcás ina bhfuil forálacha ag gabháil leis na rialacha sin lena dtugtar dlínse éigeantach agus eisiach do chomhlacht eadrána, go bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna arna ndéanamh ag an údarás sin a fhíorú go gcomhlíontar Airteagail 101 agus 102 CFAE leis na breitheanna sin. Ina theannta sin, tugtar le tuiscint leis go gcomhlíonann an chúirt nó an binse ceanglais uile Airteagal 267 CFAE ionas gur féidir léi nó leis, de réir mar a bheidh, nach mór dó nó di an t-ábhar a tharchur chuig an gCúirt i gcás ina measann sí nó sé go bhfuil gá le cinneadh ón gCúirt maidir le ceist de chuid dhlí an Aontais a thugtar ar aird i gcás atá ar feithemh os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Márta 1982, *Nordsee*, 102/81, EU:C:1982:107, míreanna 14 agus 15, agus an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss*, C-126/97, EU:C:1999:269, mír 40).
- 199 Dá bhrí sin, trína chinneadh, go neamh-idirdhealaitheach agus go teibí, ‘go bhféadfadh údar a bheith le rialacha eadrána ar mhaithe leis na leasanna dlisteanacha a bhaineann le cineál sonrach an spóirt’ – sa mhéid is go gcuirtear de chúram ar ‘chúirt speisialaithe’ leo athbhreithniú a dhéanamh ar dhíospóidí a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, gan féachaint lena áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais uile dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo den bhreithiúnas seo leis na rialacha eadrána sin agus, ar an gcaoi sin, gur féidir athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha iomaíochta an Aontais, d’ainneoin gur bhraith an Coimisiún i gceart ar na ceanglais sin, in aithrisí 270 go 277, 282 agus 283 den chinneadh atá faoi chonspóid, mar bhonn lena chonclúid gur threisigh na rialacha sin an sárú ar Airteagal 1 den chinneadh sin – rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.
- 200 Ar an dara dul síos, rinne an chúirt sin earráid dlí freisin maidir trína chinneadh, i míreanna 157 go 161 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur áirithíodh éifeachtacht iomlán dhlí iomaíochta an Aontais, nuair a chuirtear san áireamh, ar an gcéad dul síos, go raibh leigheasanna dlíthiúla ar fáil lena gcuirtear ar chumas na ndaoine ar a ndírítear cinneadh lena ndiúltaítear dóibh údarú a fháil chun iomaíocht i gcomórtas nó cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil sé do-ghlactha cúiteamh a lorg as an damáiste a rinneadh dóibh leis an gcinneadh sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla agus, ar an dara dul síos, an fhéidearthacht gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún nó le ÚIN.
- 201 Go deimhin, dá riachtanaí is atá sé (féach, ina leith sin, breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2001, *Courage agus Crehan*, C-453/99, EU:C:2001:465, míreanna 26 agus 27, agus an 14 Márta 2019, *Skanska Industrial Solutions agus páirtithe eile*, C-724/17, EU:C:2019:204, míreanna 25, 43 agus 44), go bhfuil an deis ag duine cúiteamh a lorg ar dhamáiste a rinneadh dó de dheasca iompar a d’fhéadfadh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh mar gheall ar easpa leigheas dlí lena gcuirtear ar chumas an duine sin caingean a thabhairt chuig an gcúirt náisiúnta inniúil chun deireadh a chur leis an iompar sin, i gcás inarb iomchuí tar éis bearta cosanta a bheith deonaithe, nó, i gcás inarb é atá i gceist ná beart, athbhreithniú agus neamhniú an bhirt sin, de réir mar a bheidh, ag deireadh nós imeachta eadrána roimhe sin arna sheoladh de bhun coinbhinsiún lena bhforáiltear dá chur chun feidhme. Is fíre arís é sin go léir i gcás daoine atá ag gabháil do ghníomhaíocht lúthchleas ghairmiúil, a bhféadfadh a ngairm a bheith sách gearr i gcomparáid le daoine eile, go háirithe nuair a chleachtar í ar leibhéal ard.

- 202 Ina theannta sin, ní féidir go dtabharfaí bonn cirt do chuid bhunriachtanach dá raon feidhme a bheith bainte den cheart sin sa chleachtas mar gheall ar an imthoisc sin – cé go gcaomhnaítear go foirmiúil é – mar a bheadh dá mba rud é go raibh an t-athbhreithniú breithiúnach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an iompar nó ar an mbeart i gceist rótheoranta ó thaobh dlí nó fíorais de, go háirithe toisc nach féidir baint a bheith aige le forálacha beartais phoiblí dhlí an Aontais.
- 203 Ní féidir brath, *a fortiori*, ar an bhféidearthacht gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún nó le ÚIN chun údar a thabhairt le leigheas dlí amhail an leigheas dá dtagraítear i mír 201 den bhreithiúnas seo a bheith in easnamh. Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú, a mhéid a bhaineann leis an gCoimisiún, mar a d'áitigh an institiúid sin agus na crosachomharcóirí go cruinn, nach dtugtar ceart – le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1) – don iarratasóir a chuireann iarratas isteach faoin Airteagal sin cinneadh críochnaitheach a éileamh maidir leis an sárú a líomhnaíonn sé a bheith ann nó gan a bheith ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2013, *EFIM v an Coimisiún*, C-56/12, EU:C:2013:575, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 204 Dá réir sin, tá bunús leis an gcéad saincheist dlí ina iomláine. Dá dhroim sin, ní mór an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar ceal a mhéid a chuirtear Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach, a mhéid a bhaineann an t-Airteagal sin leis na rialacha eadrána.

B. An dara foras achomhairc

1. Argóintí na bpáirtithe

- 205 Leis an dara foras achomhairc acu, maíonn Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes, le tacaíocht ón gCoimisiún, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go hearráideach a chur san áireamh, chun srian ar an iomaíocht de réir cuspóra a aithint sa chás seo, gurbh é aidhm na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht, *inter alia*, cosaint leasanna eacnamaíocha ISU a áirithiú.
- 206 I dtaca leis sin, áitíonn siad, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid fhollasach mheasúnaithe ar na fíorais i mír 107 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, trí dhiúltú glacadh leis go raibh an aidhm sin soiléir ó na rialacha sin, sa leagan a glacadh in 2014 agus sa leagan a glacadh in 2016 araon.
- 207 Ar an dara dul síos, áitíonn siad go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid i gcáiliú dlíthiúil na bhfíoras, i míreanna 107 agus 109 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, agus í á mheas nach de chineál frithiomaíoch ann féin an aidhm sin. Cé go raibh sé incheadaithe go ginearálta do ghnóthas nó do chomhlachas gnóthas a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ar bun aige a leasanna eacnamaíocha féin a chur chun cinn, níor éirigh leis an gcúirt sin na tátail a bhaint as a cuid torthaí agus measúnuithe féin a bhaineann leis an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch ábhartha, *inter alia*, iad siúd a rinne sí i míreanna 70 agus 114 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ónar léir gur cheangail ISU feidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche monapláí ar an margadh chun comórtais idirnáisiúnta luas-scátála oighir a eagrú agus a mhargú le chéile lena chumhacht rialála, chinnteoireachta, mhaoirseachta agus smachtbhannaí lenar cuireadh i gcoinbhleacht leasa é lena gceanglaítear oibleagáidí, teorainneacha agus athbhreithniú iomchuí a chur ar bun. Ba faoin gCúirt Ghinearálta a bhí sé an staid sin a chur san áireamh trína chinneadh, i bhfianaise na staide sin, go raibh an aidhm a bhí leis an gceist sa chás seo ina toisc ábhartha chun a chinneadh an ann do shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra, mar a bhí déanta ag an gCoimisiún.

208 Déanann ISU agóid i gcoinne na n-argóintí sin go léir.

2. Measúnú na Cúirte

- 209 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, cé gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 107 agus 109 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh cuid de mheasúnuithe an Choimisiúin mícheart, chinn an Chúirt Ghinearálta mar sin féin, i mír 111 den bhreithiúnas sin, nach raibh aon tionchar ag na hearráidí sin ar an tátal dlíthiúil a bhí bainte ag an institiúid sin, eadhon, gurbh chuspóir do na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht an iomaíocht a shrianadh. Ar an gcúis sin, dhíbh an Chúirt Ghinearálta caingean ISU a mhéid a díríodh i gcoinne na gné sin den chinneadh atá faoi chonspóid í.
- 210 Dá bhrí sin, baineann an foras achomhairc áirithe seo le forais sa bhreithiúnais atá faoi chonspóid nach bhfuil ann díreach ar mhaithe le hiomláine na hargóna ach, thairis sin, atá mar chuid den réasúnaíocht a thug ar an gCúirt Ghinearálta cuid den ordú atá á lorg ag ISU a dhiúltú, agus ar an gcaoi sin sásamh a thabhairt, sa mhéid sin, don Choimisiún, do Tuitert, Kerstholt agus do EU Athletes araon. Leis an bhforas sin, ní lorgaíonn na hiarratasóirí sin ach forais eile nach mbeadh ar a gcumar aon bhuntáiste a fháil dóibh. Níl iarraidh den sórt sin inghlactha (breithiúnais an 11 Iúil 2013, *Ziegler v an Coimisiún*, C-439/11 P, EU:C:2013:513, mír 42, agus an 9 Samhain 2017, *TV2/Danmark v an Coimisiún*, C-649/15 P, EU:C:2017:835, mír 61).
- 211 Dá réir sin, ní mór diúltú don fhoras achomhairc sin toisc é a bheith do-ghlactha.
- 212 Ní mór, dá bhrí sin, seasamh leis an gcrosachomharc, a mhéid a leagtar amach i mír 204 den bhreithiúnas seo.
- 213 Dá bhrí sin, ní mór an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar ceal a mhéid a chuir sé an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach.

V. An chaingean i gCás T-93/18

- 214 Foráiltear sa chéad mhír d’Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás ina mbeidh bunús leis an achomharc agus ina neamhníonn an Chúirt cinneadh na Cúirte Ginearálta, féadfaidh sí rialú cinntitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.
- 215 Sa chás seo, ós rud é go ndearna an Chúirt Bhreithiúnais an t-achomharc a rinne ISU i gcoinne an bhreithiúnais faoi achomharc a dhíbh sa mhéid a dhíbh sí a éileamh chun an chuid den chinneadh atá faoi chonspóid a bhaineann leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht a chur ar neamhní, ní bheidh an chaingean i gCás T-93/18 i bhfeidhm ach amháin a mhéid a bheidh sí dírithe i gcoinne na coda den chinneadh sin a bhaineann leis na rialacha eadrána.
- 216 Ós rud é go raibh an séú agus an seachtú saincheist ag an gcéad chéim – lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 101 CFAE, a mhéid a cuireadh an t-Airteagal sin i bhfeidhm maidir leis na rialacha eadrána – ina n-ábhar do dhíospóireacht sáraíochta os comhair na Cúirte Ginearálta agus ní gá aon bheart breise maidir le heagrú an nós imeachta nó imscrúdú a dhéanamh ar chomhad an cháis bunaithe ar an scrúdú ar na saincheistanna sin, ceadaítear don Chúirt, le staid na

n-imeachtaí, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt i leith na saincheistean sin, agus ba chóir di amhlaidh a dhéanamh (féach, de réir analaí, breithiúnais an 8 Meán Fómhair 2020, *an Coimisiún agus an Chomhairle v Carreras Sequeros agus páirtithe eile*, C-119/19 P agus C-126/19 P, EU:C:2020:676, mír 130, agus an 2 Nollaig 2021, *an Coimisiún agus GMB Glasmanufaktur Brandenburg v Xinyi PV Products (Anhui) Holdings*, C-884/19 P agus C-888/19 P, EU:C:2021:973, mír 104).

A. Argóintí na bpáirtithe

- 217 Leis an séú saincheist ag an gcéad chéim, áitíonn ISU, go bunúsach, go ndearna an Coimisiún earráid trína chinneadh gur threisigh na rialacha eadrána cineál frithiomaíoch trí chuspóir na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.
- 218 Áitíonn ISU gur modh réitigh díospóide a bhfuil glactha go ginearálta leis é dul i muinín sásra eadrána conarthach ar bhonn éigeantach. Thairis sin, sa chás seo, tá ról bunúsach ag CES maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha spóirt. Thairis sin, is ionann inniúlacht a thabhairt don údarás sin, a rinneadh le linn an nóis imeachta riaracháin a thug ar an gCoimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, agus dul chun cinn shásra achomhairc inmheánach ISU a bhí ann go dtí an tráth sin. Ar deireadh, is féidir leis na páirtithe lena mbaineann agóid a dhéanamh i gcoinne aithint agus forghníomhú cinntí arna dtabhairt ag an údarás sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla, atá i dteideal iarrataí ar réamhrialú a dhéanamh ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú ar rialacha iomaíochta an Aontais.
- 219 Ar bhonn níos ginearálta, níl measúnuithe an Choimisiúin ina leith sin ábhartha, ós rud é go n-aithníonn an Coimisiún féin nach sárú iontu féin atá i gceist leis na rialacha eadrána.
- 220 Leis an seachtú saincheist ag an gcéad chéim, áitíonn ISU, go bunúsach, nach raibh sé de chumhacht ag an gCoimisiún bearta ceartaitheacha a bhaineann leis na rialacha eadrána a fhorchur air, in éagmais nasc idir na rialacha sin agus na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.

B. Measúnú na Cúirte

- 221 Mar is léir ó mhíreanna 199 agus 204 den bhreithiúnas seo, bhraith an Coimisiún go ceart, in aithrisí 270 go 277, 282 agus 283 den chinneadh atá faoi chonspóid, ar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 188 go 198 den bhreithiúnas sin chun an tátal a bhunú gur threisigh na rialacha eadrána, i bhfianaise a n-ábhar, na gcoinníollacha maidir lena gcur chun feidhme agus a raon feidhme, a gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch, chineál frithiomaíoch trí chuspóir na gcumhachtaí – nach bhfuil oibleagáidí, teorainneacha agus athbhreithniú breithiúnach iomchuí ag gabháil leo – atá i seilbh an chomhlachais sin faoi na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.
- 222 Ní thacaíonn aon cheann de na hargóintí a chuir ISU chun cinn leis an tuairim go gcuirtear tátal dá leithéid ó bhail le hearráid, *a fortiori*, mar gheall ar earráid fhollasach.
- 223 I ndáil leis sin, leanann sé, ar an gcéad dul síos, ó aithrisí an chinnidh atá faoi chonspóid dá dtagraítear i mír 216 den bhreithiúnas seo go gcuirtear leis na rialacha eadrána – ar bhonn éigeantach agus eisiach – díospóidí a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht faoi bhráid CES, údarás eadrána a bhfuil a chinntí faoi réir

athbhreithniú ag an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme). Sonraíonn an Coimisiún, *inter alia*, go n-eisiatar san athbhreithniú a fhéadfaidh an chúirt sin a dhéanamh ar na cinntí sin an gcomhlíontar forálacha beartais phoiblí Airteagail 101 agus 102 CFAE leo. Ina theannta sin, tugann sé faoi deara nach cúirt de chuid Ballstáit é an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme), ach gur cúirt í atá lasmuigh de chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh, nach bhfuil i dteideal ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a fháil ina leith sin. Ar deireadh, luaitear ann, de réir chásdlí an Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme), nach bhfuil aon rogha ag lúthchleasaithe, sa chleachtas, ach glacadh leis go bhfuil díospóidí idir iad agus ISU faoi réir ag dlínse CES, ach amháin má staonann siad ó pháirt a ghlacadh in aon chomórtas a eagraíonn ISU nó na comhlachais scátála náisiúnta ar comhaltaí de ISU iad, is é sin, ar deireadh, éirí as a ngairm.

- 224 Ar an dara dul síos, eisiatar leis na rialacha eadrána an fhéidearthacht, i gcás na n-iarratasóirí – arb iad na lúthchleasaithe iad a fhaigheann cinneadh neamh-incháilitheachta nó na heintitis nó na cuideachtaí a fhaigheann cinneadh chun údarú a dhiúltú roimh ré do thionscadal iomaíochta luas-scátála oighir idirnáisiúnta – a iarraidh ar an deonú bearta cosanta os comhair an údaráis eadrána inniúil agus os comhair na gcúirteanna náisiúnta araon ar fúthu a d'fhéadfadh sé a bheith rialú a dhéanamh ar fhorghníomhú na gcinntí arna dtabhairt ag an údarás sin. Ina theannta sin, sonraíonn an Coimisiún go bhféadfaidh ISU agus na comhlachais scátála náisiúnta ar comhaltaí de iad an forghníomhú sin a dhéanamh go ginearálta, gan gá a bheith le hidirghabháil ó chúirt náisiúnta chun na críche sin.
- 225 Ní chuireann ISU aon argóint bheacht agus ná argóint le bunús chun cinn chun tacú leis an tátal go bhfuil na breithnithe éagsúla sin bunaithe ar bhonn fíorasach mícheart nó go bhfuil siad curtha ó bhail ag earráid fhollasach mheasúnaithe amháin nó níos mó. Ní mór a lua, os a choinne sin, go bhfuil roinnt de na breithnithe sin – amhail na cinn a bhaineann le dodhéantacht chinntí CES a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach chun comhlíonadh fhorálacha beartais phoiblí dhlí an Aontais a áirithiú, fiú más gá trí dhul ar iontaoibh an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE – ceart, agus go bhfuil cinn eile acu – amhail iad siúd ar dá réir atá an sásra eadrána atá i gceist sa chás seo, sa chleachtas, arna fhorchur ag ISU go haontaobhach ar lúthchleasaithe – i gcomhréir le lúthchleasaithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ina leith sin (ECtHR, 2 Deireadh Fómhair 2018, *Mutu agus Pechstein v an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 109 go 115).
- 226 Dá bhrí sin, níl bunús leis an séú saincheist.
- 227 Maidir leis an seachtú saincheist, ba cheart a mheabhrú, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur sáraíodh Airteagail 101 nó 102 CFAE, tá sé de chumhacht aige a cheangal, trí chinneadh, ar na gnóthais nó ar na comhlachais gnóthas lena mbaineann deireadh a chur leis an sárú sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 1983, *GVL v an Coimisiún*, 7/82, EU:C:1983:52, mír 23) agus, chuige sin, aon bheart ceartaitheach a fhorchur orthu atá i gcomhréir leis an sárú sin agus atá riachtanach chun deireadh ceart a chur leis (breithiúnas an 29 Meitheamh 2010, *an Coimisiún v Alrosa*, C-441/07 P, EU:C:2010:377, mír 39).
- 228 Sa chás seo, bhí an Coimisiún go hiomlán i dteideal a chinneadh gur threisigh na rialacha eadrána an sárú tromchúiseach arna aithint in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid trí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh níos deacra – i bhfianaise dhlí iomaíochta an Aontais – ar chinntí eadrána lena rialaítear rialacha CES maidir le bailíocht cinntí arna nglacadh ag ISU faoi na gcumhachtaí lánroghnacha a bhronntar air leis na rialacha maidir le réamhúdarú agus incháilitheacht.

- 229 Ina theannta sin, ní éiríonn le ISU, nach bhfuil ach ag brath, go mícheart, ar easpa naisc idir na rialacha éagsúla sin, agóid a dhéanamh go héifeachtach i gcoinne mheasúnuithe an Choimisiúin maidir leis an ngá atá leis na bearta ceartaitheacha arna bhforchur ag an institiúid sin a mhéid a bhaineann leis na rialacha eadrána.
- 230 Sna himthosca sin, is cosúil nach bhfuil bunús maith leis an seachtú saincheist dlí.
- 231 Dá réir sin, ní mór an chaingean a dhíbhe a mhéid nár díbheadh í cheana sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid.

VI. Costais

- 232 I gcomhréir le hAirteagal 184(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, má tá an t-achomharc gan bhunús nó má tá bunús maith leis agus má thugann an Chúirt féin an breithiúnas críochnaitheach sa chás, tabharfaidh sí breith i dtaobh na gcostas.
- 233 I gcomhréir le hAirteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil feidhm aige maidir le hachomhairc de bhua Airteagal 184(1) díobh, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.
- 234 Faoi Airteagal 138(2) de na rialacha sin, atá infheidhme freisin maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de, i gcás níos mó ná páirtí caillteach amháin a bheith ann, tabharfaidh an Chúirt breith ar an dóigh ina mbeidh na costais le roinnt.
- 235 Sa chás seo, níor éirigh le ISU i gCás C-124/21 P agus sa chuid de Chás T-93/18 dár thagair an Chúirt.
- 236 Thairis sin, cé nár éirigh leo ina ndara foras achomhairc, d'éirigh le héilimh Tuitert, Kerstholt agus EU Athletes.
- 237 Sna himthosca sin, ní mór a ordú do ISU na costais a íoc i gCás C-124/21 P agus sa chuid de Chás T-93/18 dár thagair an Chúirt, i gcomhréir leis an ordú arna lorg ag an gCoimisiún, ag Tuitert, ag Kerstholt agus ag EU Athletes.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. Díbhtear an t-achomharc.

2. Glactar leis an gcrosachomharc.

3. Tá breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 16 Nollaig 2020, *International Skating Union v an Coimisiún* (T-93/18, EU:T:2020:610), curtha ar neamhní i bpáirt, a mhéid ar neamhníodh Airteagal 2 de Chinneadh C(2017) 8230 final ón gCoimisiún Eorpach an 8 Nollaig 2017 leis, a bhaineann le himeachtaí de bhun Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT/40208 – Rialacha Incháilitheachta an Aontais Idirnáisiúnta um Scátáil Oighir).

4. Díbhtear an t-achomharc i gCás T-93/18 a mhéid nach bhfuil amhlaidh déanta cheana sa bhreithiúnas dá dtagraítear i mír 3 den chuid oibríochtúil seo.

5. Ordaítear don International Skating Union na costais i gCás C-124/21 P agus sa chuid i gCás T-93/18 dá dtagraítear i mír 4 den chuid oibríochtúil seo a íoc.

Sínithe